


# DRÉACHT TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019-20

www.tcd.ie

**Ba iad seo a leanas Comhaltaí Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i rith na bliana acadúla 2019-2020:**

| | |
|---|---|
| **Comhaltaí Ex Officio** | |
| Patrick J. Prendergast | Propast |
| Jürgen Barkhoff | An Leas-Phropast/An Príomh-Oifigeach Acadúil |
| Kevin Mitchell | Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéime |
| Paula Murphy | An Cláraitheoir |
| Veronica A. Campbell | An Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí |
| **Comhaltaí Tofa/Ainmnithe** | |
| Deirdre Ahern | Comhaltaí agus Comhollúna (2016-2020) |
| Sarah Alyn Stacey | Comhaltaí agus Comhollúna (2016-2020) |
| Laura Beston | Ionadaithe na Mac Léinn (Uachtarán Aontas na Mac Léinn) (2019-2020) |
| Louis Brennan | Comhaltaí agus Comhollúna (2018-2022) |
| Andrew Burke | Comhaltaí agus Comhollúna (2018-2022) |
| Kevin Byrne | An Fhoireann Teicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2020-2020) |
| Jill Donoghue | Comhalta Seachtrach (arna ainmniú ag an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha) |
| Sylvia M. Draper | Comhaltaí agus Comhollúna (2016-2020) |
| Stephanie Farrell | An Fhoireann Teicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2016-2020) |
| Darren Fayne | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí (2016-2020) |
| David Grouse | An Fhoireann Teicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2018-2022) |
| James Keogh | An Fhoireann Teicniúil, Riaracháin agus Tacaíochta (2016-2020) |
| Folúntas | Comhalta Seachtrach (arna ainmniú ag an Aire Oideachais agus Scileanna) |
| Aisling Leen | Ionadaithe na Mac Léinn (Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn) (2019-2020) |
| Niamh McKay | Ionadaithe na Mac Léinn (Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn) (2019-2020) |
| Kathleen McTiernan | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí (2018-2022) |
| Rachel Moss | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí (2016-2020) |
| Brian O'Connell | Comhaltaí agus Comhollúna (2018-2022) |
| Eunan O'Halpin | Comhaltaí agus Comhollúna (2016-2020) |
| Shaz Oye | Ionadaithe na Mac Léinn (Uachtarán Aontas na gCéimithe) (2019-2020) |
| Diarmuid R. Phelan | Comhaltaí agus Comhollúna (2018-2022) |
| Aidan Seery | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí (2018-2022) |
| Fintan Sheerin | Baill Thofa den Lucht Léinn nach Comhaltaí (2018-2022) |
| **In attendance** | |
| Peter Reynolds | Cisteoir/Príomh-Oifigeach Airgeadais (i láthair *ex officio*) |
| John Coman | Rúnaí Cúnta an Choláiste (i láthair *ex officio*) |
| Geraldine Ruane | An Príomh-Oifigeach Oibriúcháin (i láthair, ar cuireadh) |
| Juliette Hussey | An Leas-Uachtarán maidir le Caidreamh Domhanda (i láthair, ar cuireadh) |
| Victoria Butler | Rúnaí Cúnta an Choláiste (i láthair) |

Tugtar tuairisc ar fhreastal chruinnithe an Bhoird agus tuairisc ar chostais an Bhoird in Aguisín I agus in Aguisín II faoi seach
Cuirtear an cháipéis seo ar fáil i bhformáid áisiúil ach sin a iarraidh (rphost: trinity.communications@tcd.ie)

## CLÁR AN ÁBHAIR

### Beartaíocht na hOllscoile


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Cora Nua i gCúrsaí Acadúla** | **1** |
| | Ord Feabhais Ollscoileanna an Domhain | 1 |
| | Cúrsaí Ardcháilíochta | 1 |
| **2.** | **Oideachas** | **2** |
| | Pobal na Tríonóide | 2 |
| | Staitisticí Iontrála | 2 |
| | Scoláireachtaí | 3 |
| | An Curaclam – Cúrsaí Nua | 3 |
| | Bronnadh na gCéimeanna, Céadonóracha agus Boinn Óir | 4 |
| | Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide | 4 |
| | Gradaim Teagaisc an Phropaist | 5 |
| | Oideachas ar Líne | 6 |
| | Comhaontuithe Idirnáisiúnta | 6 |
| **3.** | **Taithí an Mhic Léinn** | **7** |
| | Seirbhísí Tacaíochta don Mhac Léinn | 7 |
| | Gnóthachtáil na Mac Léinn | 7 |
| **4.** | **Bearta Taighde** | **9** |
| | Cistí Taighde | 9 |
| | Scoláireachtaí agus Gradaim a Gnóthaíodh | 9 |
| **5.** | **Nuálaíocht agus Fiontair a chur ar bhonn Tráchtála** | **13** |
| | Cistí Taighde | 14 |
| | Maoin Intleachta | 14 |
| | Launchbox agus Blackstone Launchpad | 15 |
| **6.** | **Acmhainní Daonna** | **16** |
| | Foireann na hOllscoile | 17 |
| | Ollúna | 17 |
| | Poist Shinsearacha Riaracháin | 17 |
| **7.** | **Tionscnaimh na hOllscoile agus Mórimeachtaí** | **20** |
| | Beartaíocht Choláiste na Tríonóide i leith COVID-19 | 20 |
| **8.** | **An Clár Forbartha Caipitil Tograí** | **23** |
| | Caipitil | 23 |
| | Caomhnú Fuinnimh | 24 |
| **9.** | **Cúrsaí Daonchairdis** | **26** |
| **10.** | **Ráitis Airgeadais i leith na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2020***<br>(*arna n-aontú ag an mBord i mí Márta 2021) | **28** |
| | **Aguisín I Freastal ar Chruinnithe an Bhoird 2019-2020** | **29** |
| | **Aguisín II Costais an Bhoird 2019-2020** | **29** |

# BEARTAÍOCHT NA hOLLSCOILE

## 1. Cora Nua i gCúrsaí Acadúla

### 1.1 Ord Feabhais Ollscoileanna an Domhain

Tháinig dhá ní go mór i gceist i rith na bliana acadúla 2019-2020, (i) paindéim COVID-19 ar tharla cur isteach dá bharr ar shruth na mbeart athbhreithnithe maidir le cúrsaí ardcháilíochta (féach thíos) agus (ii) tús a chur leis an obair ullmhúcháin maidir le hAthbhreithniú Institiúideach Choláiste na Tríonóide maidir le Cúrsaí Ardcháilíochta, atá leagtha amach a dhéanamh faoi láthair an 7-11 Márta 2022.

Rinne an Oifig Cáilíochta fónamh maidir le bearta athbhreithniúcháin ar chúrsaí cáilíochta i Rannóg na Seirbhísí Airgeadais (Eanáir 2020) agus i Scoil an Leighis (Feabhra 2020) i rith na bliana 2019-2020. Cuireadh ar athló bearta athbhreithniúcháin a bhí leagtha amach a dhéanamh ar Scoil na Bithcheimice agus Imdhíoneolaíochta, Scoil na Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta agus maidir leis na Cláir LIR i mí Márta/Aibreán agus i mí Bealtaine 2020, mar gheall ar theacht phaindéim COVID-19. Cuireadh ar atráth freisin an chéad athbhreithniú de chuid Choláiste na Tríonóide ar cheann de na páirtnéirí thar lear, Singapore Institute of Technology (SIT), agus cuireadh siar athbhreithniú ar an aonad maidir le Cleachtas Acadúlachta, atá lonnaithe le Teagasc agus Foghlaim na Tríonóide go dtí mí Aibreán 2021.

Cuireadh ar bun an grúpa stiúrtha a dhéanfaidh ceannródaíocht maidir leis an ullmhúchán don Athbhreithniú Institiúideach, ar a dtugtar go foirmeálta an Mheitheal maidir le Féinmheastóireacht Institiúideach (ISET), i mí Eanáir 2020. Ar na nithe tábhachtacha a cuireadh ar fáil i rith na bliana 2019- 2020 áirítear Tuarascáil Bhliantúil maidir le hArdcháilíocht Institiúideach (Feabhra 2020) agus Próifíl Institiúideach (Aibreán 2020). Áirítear ar na bearta chun aird agus tuiscint a chothú maidir leis an Athbhreithniú Institiúideach ar chúrsaí ardcháilíochta athdhearadh a thabhairt ar an leathanach maidir leis an Athbhreithniú Institiúideach ar láithreán gréasáin Oifig na gCaighdeán agus bileog eolais, le cur ar fáil do gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha, ina dtugtar achoimre ar an gcuspóir atá leis an athbhreithniú.

Tugadh cuireadh do dhaoine de phobal an Choláiste 'Staidéar Cáis maidir le Cúrsaí Ardcháilíochta' a chur ar fáil mar chuid den cháipéisíocht i ndáil leis an Athbhreithniú Institiúideach. Cuireadh tús leis an obair ar shuirbhé faoin teideal ‘Is mór againn do Thuairim faoi chúrsaí Ardcháilíochta i gColáiste na Tríonóide’ d'fhonn fónamh do lón ábhair don athbhreithniú a spreagadh ó phobal an Choláiste agus do Thuarascáil Féinmheastóireachta na hInstitiúide (ISER), an bhuncháipéis don Mheitheal Athbhreithnithe Sheachtrach.

Tugadh obair chun críche i rith na bliana 2019-2020 maidir leis na Gnáis Dearbhú Cáilíochta ag Soláthraithe Cónasctha Choláiste na Tríonóide - Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann (RIAM) agus Institiúid Oideachais Marino (IOM). D'aontaigh Comhairle na hOllscoile gnáis RIAM i mí Bealtaine 2020 agus aontaíodh gnáis IOM i mí Meán Fómhair 2020.
Rinneadh leasú ar Chreat Ardcháilíochta Choláiste na Tríonóide i mí Aibreán 2020 ar mhaithe le feabhas ó thaobh leagan amach agus sothuigtheacht an eolais sa léaráid grafaice agus d'fhonn an ceangal a léiriú atá idir próisis dearbhú cáilíochta an Choláiste, torthaí saothair de bharr na bpróiseas sin, na slite tuairiscíochta agus na bearta chun forfheabhais dá dtoradh. Rinneadh Gnáis Athbhreithnithe an Chláir a leasú i mí Deireadh Fómhair 2019 i ndáil le polasaithe acadúla nua, leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus lena leagtar de fhreagracht ar Choláiste na Tríonóide, i gcáil Chomhlacht Dámhachtana Ainmnithe, maidir le dearbhú cáilíochta i leith chláir dhaingnithe arna gcur ar fáil ag na Soláthraithe Cónasctha, Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann agus Institiúid Oideachais Marino.

Thug Coiste na gCaighdeán tuarascálacha faoi mheas ar shuirbhéanna de chuid Student Survey.ie faoin Teagasc Bunchéime/Teagasc Iarchéime agus Taighde Iarchéime i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus i mí Aibreán 2020 faoi seach; tuarascáil ón Oifig Iniúchta Inmheánach faoi Chomhlíontas maidir le hArdcháilíocht i mí Aibreán 2020; agus rinneadh an athbhreithniú bliantúil ar Chlár na Réimsí Baoil maidir le Cúrsaí Ardcháilíochta i mí na Samhna 2019.

Bhí deis ag Oifig na gCaighdeán i rith na bliana 2019-2020 páirt a ghlacadh i CHARM-EU agus tairbhe a dhéanamh do Chónaidhm Ollscoileanna na hEorpa ina bhfuil Coláiste na Tríonóide i gcomhar páirtnéireachta le hOllscoileanna Barcelona, Utrecht, ELTE (Búdaipeist) agus Montpellier. Bhain an obair i réimsí tosaigh an togra le réamhchreidiúnú agus aitheantas maidir le Céim Mháistreachta CHARM-EU i nDeacrachtaí Domhanda maidir le Cúrsaí Inmharthanachta ar fud na gcúig dhlínse ar fad faoi Chur Chuige na hEorpa maidir le Dearbhú Cáilíochta i leith Chláracha i gComhar (2014).

# 2. Oideachas

## 2.1 Pobal na Tríonóide

Is pobal scoláirí Coláiste na Tríonóide lena n-áirítear mic léinn, foireann acadúil, foireann riaracháin agus lucht gairme. Is cuid lárnach de shainiúlacht Choláiste na Tríonóide an iléagsúlacht agus tagann mic léinn agus baill foirne as gach áit ar fud an domhain le cúlra agus taithí socheacnamaíochta de gach cineál.

18,941 mac léinn fochéime agus iarchéime a bhí cláraithe sa bhliain 2019-2020. Ba d'oileán na hÉireann thart ar 71.65% acu sin. Maidir le líon na mac léinn ón AE i gcomórtas le líon na mac léinn as tíortha taobh amuigh den AE, bhain 15,707 (83%) leis an EU agus 3,234 leis an gcuid eile den domhan (17%). Ba mhná 60% de na mic léinn agus b'fhir 40%.

13,384 (71%) a bhí cláraithe ar chlár fochéime, 5,496 (29%) ar chlár iarchéime agus 61 (0.3%) ar bhunchúrsa.

## 2.2 Staitisticí Iontrála

Sa bhliain 2019, le Coláiste na Tríonóide a rinneadh 7,611 (11%) de na hiarratais chéadrogha i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO) – ísliú 0.7% i gcomparáid leis an mbliain 2018 (7,616). Rinneadh 16% de na hiarratais céadrogha ar fud na hearnála ar fad le Coláiste na Tríonóide.

67,281 duine a rinne iarratas trí chóras na Lár-Oifige Iontrála ar chúrsaí Leibhéal 8 i bhforais ardoideachais na hÉireann, ísliú 3% i gcomórtas le 69,861 sa bhliain 2018. Sa bhliain 2019, luaigh 17,880 (17,698 sa bhliain 2018 agus 18,590 sa bhliain 2017) Coláiste na Tríonóide maidir le cúrsa amháin ar a laghad dá rogha cúrsaí.

Bhronn Coláiste na Tríonóide Gradaim Taispeántóirí Iontrála speisialta ar mhic léinn as beagnach gach contae in Éirinn agus as 24 tír éagsúil ar fud an domhain i mí na Samhna 2019. Bronnadh gradaim sárghnóthachtála ar 452 mac léinn as 379 scoil i 30 contae agus ar 24 mac léinn ón iasacht a ghnóthaigh 500 pointe nó níos mó san Ardteistiméireacht (nó i scrúdú ceann cúrsa eile dá comhleithéid).

Lean an pátrún i rith na bliana 2019 maidir le mic léinn ó réimse i bhfad níos fairsinge de scoileanna ag fáil an ghradaim. Tháinig ardú 54% ar líon na scoileanna dara leibhéal ar fud oileán na hÉireann ónár tháinig lucht na ngradam (245 scoil sa bhliain 2017 agus 379 sa bhliain 2019). Aon dalta amháin in aghaidh na scoile a tharla gradam a ghnóthachtáil i gcás mórchuid na gcásanna agus ciallaíonn sin réimse iléagsúlachta na mac léinn agus na scoileanna i bhfad níos fairsinge. Bronnadh Gradaim Taispeántóirí Iontrála ar 247 mac léinn as Cúige Laighean; 48 mac léinn as Cúige Chonnacht; 82 mac léinn as Cúige Mumhan; 51 mac léinn as Cúige Uladh agus 24 mac léinn ón iasacht.

As iomlán lucht na ngradam, tá staidéar á dhéanamh ag 188 mac léinn ar chúrsaí Innealtóireachta, Matamaitice agus Eolaíochta; ag 117 mac léinn ar Eolaíocht Sláinte agus ag 147 mac léinn ar na Dána, na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta. Mná 51% agus fir 49% d'iomlán lucht na ngradam (452).

Cuireadh tástáil thrialach ar chóras nua iontrála i gColáiste na Tríonóide (TAFS) ar bun sa bhliain 2013 d'fhonn fiosrú a dhéanamh an bhféadfaí mic léinn a ligean isteach i gColáiste na Tríonóide bunaithe ar thorthaí na hArdteistiméireachta agus bearta measúnóireachta forlíontacha eile. Cuireadh ionaid (25) de leataobh maidir leis an tástáil: Dlí (10 n-ionad), Stair (10 n-ionad), agus Stair agus Cultúr na Seanreachta agus na Meánaoise (AMHC) (5 ionad). Sa bhliain 2019, rinne 232 mac léinn iarratas ar pháirt a ghlacadh sa tástáil (244 sa bhliain 2018).

## 2.3 Scoláireachtaí

Scoláireacht Fonduíreachta agus is gné shainiúil í de shaol an mhic léinn i gColáiste na Tríonóide. Tá Scoláireacht i gColáiste na Tríonóide ar an ngradam fochéime is airde stádas sa tír, agus is gradam é gan amhras ar bith a chuidigh le nasc fadleanúnach a chothú idir cuid mhór céimithe den scoth agus an Ollscoil. Ar cheann de phríomhchuspóirí Choláiste na Tríonóide tá an sárchaighdeán a chothú: tá an Scoláireacht ar cheann de na comharthaí is soiléire ina leith sin.

Bronnadh Scoláireachtaí ar 57 mac léinn ar Luan na Tríonóide 2020 maidir leis an mbliain acadúil 2019-2020. Bronnadh scoláireachtaí ar mhic léinn i ngach ceann de na Dámha: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (23); Dámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (15); agus Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (19).

## 2.4 An Curaclam – Cúrsaí Nua

D'aontaigh Comhairle na hOllscoile na cúrsaí agus na modúil bunchéime agus iarchéime seo a leanas i rith na bliana 2019-2020:D'aontaigh Comhairle na hOllscoile na cúrsaí agus na modúil bunchéime agus iarchéime seo a leanas i rith na bliana 2019-2020:

| FC / IC | Ainm an Chúrsa | Cáilíocht |
|---|---|---|
| IC | Ateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann | Diop. Iarchéime |
| IC | Beartas Eacnamaíochta | MSc |
| IC | Litríocht Nua-aoiseach agus Chomhaimseartha | MPhil |
| IC | Réimsí Candamacha, Teaghráin agus Domhantarraingt | MSc |
| IC | Litríocht do Leanaí (2 bhliain páirtaimseartha) | MPhil |
| IC | Scríbhneoireacht na hÉireann (2 bhliain páirtaimseartha) | MPhil |
| FC/IC | Eolaíocht an Chomhshaoil agus Innealtóireacht arna Slánchóiriú | Máistreacht in Eolaíocht Fheidhmeach an Chomhshaoil (le cur ar bun) |
| IC | Cleachtas Ardleibhéil (Cnáimhseachas) agus Cleachtas Ardleibhéil (Altranas) | MSc/Diop. Iarchéime /Teastas Iarchéime |
| | (Do mhic léinn nua ón mbliain 2020/21 amach) | |
| IC | Cleachtas Forbartha | MSc |
| IC | Anailísíocht Gnó | MSc |
| IC | Marthanóirí Ailse | MSc |
| IC | Pian Béil agus Éadain | Teastas Iarchéime |
| IC | Dea-bhail an Duine san Ionad Oibre | Teastas Iarchéime |
| IC | Léann na Scannánaíochta/ snáithe maidir le Scríbhneoireacht Scripte | MPhil |
| IC | Diagacht na Críostaíochta (*Pointí iontrála agus fágála nua maidir leis an MPhil reatha i nDiagacht na Críostaíochta) | Teastas Iarchéime agus Diop. Iarchéime |
| IC | Daonnachtaí Digiteacha agus an Cultúr (*Pointí iontrála agus fágála nua maidir leis an MPhil reatha i nDaonnachtaí Digiteacha agus an Cultúr) | Teastas Iarchéime agus Diop. Iarchéime |
| IC | Altranas: Altranas Speisialtóireachta/ snáithe san Altranas Geirinteolaíochta | MSc |
| IC | Fiontraíocht Cruthaitheachta agus Cultúir | Teastas Iarchéime |
| FC | Céim dhá choláiste i Geoscience, le hOllscoil Columbia | BA (modh.) ó Choláiste na Tríonóide agus BA ó Columbia |
| FC | Céim dhá choláiste sa Néareolaíocht, le hOllscoil Columbia | BA (modh.) ó Choláiste na Tríonóide agus BA ó Columbia |
| FC | Mionábhar sa Staitistic | |
| FC | Céim dhá choláiste san Fhealsúnach le hOllscoil Columbia | BA (modh.) ó Choláiste na Tríonóide agus BA ó Columbia |
| FC | Céim dhá choláiste sa Reiligiún le hOllscoil Columbia | BA (modh.) ó Choláiste na Tríonóide agus BA ó Columbia |
| FC | Teastas i nDiagacht agus i gCleachtadh na Críostaíochta | Teastas |
| FC | Ábhar Chomhchéim Onóracha sa Teangeolaíochta | BA (modh.) (& gnáth. BA) |
| FC | Ábhar Chomhchéim Onóracha sa Bheartas Sóisialta | BA (modh.) (& gnáth. BA) |
| FC/IC | FC/IC Eolaíocht an Chomhshaoil agus Innealtóireacht arna Slánchóiriú | BS/MAI |
| FC | Clár comhaltúcháin san Innealtóireacht leis an International Centre for Applied Sciences, Ollscoil Manipal | |

## 2.5 Bronnadh na gCéimeanna, Céadonóracha agus Boinn Óir

Bronnadh 5,861 céim (3,273 bunchéim agus 2,588 ardchéim) ag 53 searmanas éagsúil bhronnadh na gcéimeanna i rith na bliana 2019. Fuair 1,003 mac léinn onóracha den chéad ghrád sna scrúduithe céime sa bhliain 2019-2020 agus bronnadh Bonn Óir ar 185 céimí acu sin.

Tharla céimeanna oinigh a bhronnadh le linn Shearmanas bhronnadh na gcéimeanna Dé hAoine, an 6 Nollaig 2019. Bhronn Seansailéir nuathofa na hOllscoile, an tOll. Máire Mhic Ghiolla Íosa, Céim Oinigh ag Searmanas an Gheimhridh ar Fintan O'Toole, colúnaí leis an Irish Times, ar Mary Harney, iar-Thánaiste, ar Joan Freeman, feachtaisí maidir leis an tsláinte mheabhrach, ar an Oll. Terry Hughes, eolaí mara agus ar an Oll. Michael Gazzaniga, néareolaí.

Le haird ar an gceangal dlúth i gcúrsaí léinn agus cultúir idir Éirinn agus an Ghréig, bhronn Coláiste na Tríonóide céim oinigh an 17 Eanáir 2020 ar Uachtarán na Gréige, a Shoilse Prokopis Pavlopoulos. Bronnadh an chéim oinigh is airde de chuid Choláiste na Tríonóide ag searmanas le Leas-Seansailéir na hOllscoile, an Tiarna Breitheamh Donnell Deeny, i gceannas. Níor tharla aon Chéim Oinigh a bhronnadh le linn Shearmanas Bhronnadh na gCéimeanna an tSamhraidh mar gheall ar COVID-19.

## 2.6 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

Tá réimse tionscnamh ag baint le Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (Oifig na Mac Léinn Lánfhásta san áireamh) atá dírithe ar ráta rannpháirtíochta dhaoine fásta óga agus dhaoine lánfhásta as grúpaí socheacnamaíochta tearcionadaíochta a ardú i measc mic léinn tríú leibhéal. Tá Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide ag feidhmiú i mbun leathnú na rannpháirtíochta ón mbliain 1993 i leith agus dea-theist ar an obair maidir le tionscnaimh oideachais a chur ar bun agus a thabhairt i dtreis.

Tugtar san áireamh faoi scáth na gclár seo, cúrsaí oideolaíochta ar an dara leibhéal, malairt modhanna iontrála sa chóras ardoideachais, cúnamh iariontrálta agus cláir maidir le slí gairme a fhorbairt do mhic léinn bunchéime. Bíonn béim láidir, chomh maith leis an méid sin, ar fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí agus ar chláir inbhuanaithe a chur ar bun sna scoileanna ionas go dtarlaíonn tionchar níos doimhne ar chultúr na scoile agus ar rannpháirtíocht an phobail.

Faigheann na Cláir Rochtana cistí ón Údarás um Ardoideachas faoin gClár Rochtana don Oideachas Tríú Leibhéal, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ó dhaoine príobháideacha agus ó chomhlachtaí. i ndáil leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Caidreamh Seachtrach le Scoileanna agus leis an bPobal
- Cúrsaí Ullmhúcháin Réamhollscolaíochta: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Lánfhásta, Coláiste na Tríonóide
- Cúrsaí Páirtnéireachta sna Saorealaíona: Coláiste na Tríonóide agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath
- Slite chun Slí Gairme sna Réimsí Gairmiúlachta (an Dlí, Gnó agus Teicneolaíocht san áireamh)
- An Clár maidir le Dul chun Cinn tar éis na hIontrála
- Taighde, Measúnú agus Nuálaíocht
- Tionscadal Rochtana 21 Choláiste na Tríonóide
- Droichead go dtí an Coláiste
- Seachtain Feasachta an Choláiste (CAW)
- Meantóireacht Pobail
- Teicneolaíocht do Mhic Léinn (Tech2Students)

Tháinig 446 duine isteach go Coláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide sa bhliain 2019-2020, trí bhealaí iontrála eile trí Chláir Ullmhúcháin agus trí Oifig na Mac Léinn Lánfhásta.

Oibríonn Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide le scoileanna DEIS ar lag an traidisiún iontu maidir le dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal. Oibrítear le breis agus 70 scoil ar fud mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, 40 acu sin ar bunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal iad a bhfuil dlúthcheangal leo agus 30 atá páirteach i dtograí de leithéid Citywise, CodePlus, DCC agus Scoileanna Sárchéimníochta.

Chuir Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide, i gcomhar le breis is 20 roinn sa Choláiste, deis ar fáil do thuairim is 10,000 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i mbearta ar an gcampas, trí chianceangal, agus ina gcuid scoileanna féin i rith na bliana 2019-2020. Áirítear orthu seo cuairteanna ar an gcampas, cláir mheantóireachta, Lá Leighis do dhaltaí na Sraithe Sóisearaí, ranganna códúcháin CodePlus do chailíní, cláir maidir le Slite chun Slí Gairme sa Dlí, i réimsí Gnó agus i réimsí Teicneolaíochta, chomh maith le seachtain feasa maidir le matamaitic agus eolaíocht agus scoileanna samhraidh. Eagraíodh

freisin 1,600 beart caidrimh le múinteoirí le comhdhálacha, cruinnithe múinteoireachta, cúrsaí iarchéime agus cláir na gcomhaltaí múinteoireachta.

Cuireann Claîr Rochtana Cholaîste na Trĭonoîde cúnamh, bearta agus cláir forbartha maidir le slite gairme ar fáil freisin tar éis teacht isteach go Coláiste na Tríonóide chomh maith le cabhair airgid do mhic léinn bunchéime a thagann trí mhodhanna malartacha iontrála.

Tá Oifig na Mac Léinn Lánfhásta ina chuid dílis de Chlaîr Rochtana Cholaîste na Trĭonoîde chomh maith. Treisíonn an Oifig le mic léinn lánfhásta a earcú agus a shlánchóiriú san Ollscoil ionas go mbíonn an rath orthu. 155 mac léinn lánfhásta nua a tháinig isteach sa bhliain 2019-2020. Tugtar san áireamh leis an líon sin na mic léinn a tháinig ar aghaidh ón mBunchúrsa do Mhic Léinn Lánfhásta agus mic léinn as Coláistí cónasctha BOO (Coláiste an Phiarsaigh/an Phluincéadaigh).

Tá de rún sainráite ag an Ollscoil, mar a leagtar amach sa Phlean Straitéise, dúbailt agus níos mó a thabhairt faoin mbliain 2025 ar líon na mac léinn de chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna ("BOO") faoi Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a thagann ar aghaidh chuig an Ollscoil. Rinne Claîr Rochtana Cholaîste na Trĭonoîde ceannródaíocht maidir le líon is mó ná 100 slí chun cinn de chúrsaí BOO isteach chuig gach Dámh de chuid na hOllscoile. Anuas ar an méid sin, tá aontaithe post d'Oifigeach Tionscadail a chur ar bun maidir le dul chun cinn ó chúrsaí BOO chuig foras Ardoideachais agus beidh straitéis earcaíochta faoi leith á thabhairt chun cinn ag an Oifigeach sin agus bearta treorach agus cúnta á gcur ar bun do mhic léinn BOO.

Bhain éiginnteacht go fada leanúnach leis an mbliain 2020. D'fhág teacht phaindéim COVID-19 chun cinn go raibh srianta i bhfeidhm maidir leis na gnáthphointí eolais, comhairle agus treorach ionas gur ghá, sa chás nach raibh siad curtha ar ceal ar fad, athchóiriú a thabhairt ar na modhanna oibre. Dá ainneoin sin, bhí Eolas ar an gColáiste dúthrachtach maidir le daltaí a chur ar an eolas ar bhealach spreagúil faoin tábhacht bunúsach atá le hoideachas tar éis oideachas dara leibhéal. Bhain an mheitheal oibre leas as feachtas ilghnéitheach bunaithe ar thrí cinn de bhonnchlocha: Ceangal leis an gColáiste, Ceangal le Slí Gairme, agus #CAWConnections. Cuireadh leis an lón ábhair digiteach, treisíodh le feachtais ar na meáin shóisialta agus chruthaigh an mheitheal CAW greamáin spreagúla a chuirfeadh comhairleoirí gairme i scoileanna DEIS den dara leibhéal ar an urlár. Bhí níos mó ná 130,000 duine páirteach i Seachtain CAW 2020, an t-ochtú seachtain dá leithéid. Eagraíodh imeachtaí i 296 foras oideachais i 27 contae ar fud na hÉireann. Seoladh na himeachtaí le réimse leathan cainteoirí spreagúla ar Zoom, an tAire Simon Harris ina measc chomh maith le Clive Byrne ó Chumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí, an tOll. Luke O'Neill, imdhíoneolaí de chuid Choláiste na Tríonóide, agus daltaí de chuid Choláiste Pobail Charn Domhnach agus Scoil Náisiúnta Ché na Cathrach.

Is iontach an rath atá ar an bhfeachtas Tech2Students le 15 mí anuas ag cur gairis teicneolaíochta ar fáil do dhaltaí. Chuir daoine agus eagraíochtaí níos mó ná 4,500 gléas ar fáil a d'fhág go bhféadfaí leas a dhéanamh do 90 scoil agus 30 eagraíocht ar fud na hÉireann. Mar gheall ar na gléasanna sin a bhronnadh orthu, bhí daltaí in ann ceangal ar líne a choinneáil ar siúl agus a gcuid oibre a chríochnú le haghaidh scrúduithe. Is iomaí duine acu a bhfuil an chéad bhliain curtha isteach ó shin acu ina mac léinn ollscoile. Ba mhór an gar, maidir leis an rath ar an bhfeachtas, a ndearna lucht na meán cumarsáide in Éirinn ar a shon; rinneadh trácht ar an bhfeachtas ar na cláracha nuachta, ar an raidió agus ar an Late Late Show ar RTÉ, chomh maith le cuid mhór stáisiún raidió eile agus ar na páipéir nuachta náisiúnta. Le tamall beag anuas, tá tús curtha le mol Tech2Students i nGaillimh agus tá eagraíochtaí eile ar fud na hÉireann ag féachaint le córas Tech2Students a chur i bhfeidhm freisin.

## 2.7 Gradaim Teagaisc an Phropaist

Is iad Gradaim Teagaisc an Phropaist an modh is tábhachtaí atá ag an Ollscoil chun aitheantas a thabhairt do dhaoine den fhoireann acaduîl a dhéanann tairbhe faoi leith maidir le feabhas teagaisc a bhaint amach i gColaîste na Trĭonoîde agus a chuireann an teagasc chun cinn mar chuid de bheartaíocht an scolaîre.

Is iad na daoine ar bronnadh gradam orthu i rith na bliana 2020 an tOll. Ayeshah Emon, Scoil na hOibre Sóisialta agus an Pholasaí Shóisialta, an tOll. Martha O'Hagan-Luff, Scoil an Ghnó, an tOll. Duana Quigley, Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide, an tOll. Alejandra Ramos, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta, agus an tOll. Julie Regan, Scoil na nEolaíochtaí Teangeolaíochta, Urlabhra agus Cumarsáide.

Bronntar na gradaim seo mar gheall ar an dúthracht agus an díograis i leith an teagaisc agus na foghlama, nuálaíocht maidir le timpeallacht a chruthú trína gcothaítear gach mac léinn ina gcuid foghlama agus trína dtugtar a ndúshlán, agus cur le dea-chlú an Choláiste maidir le caighdeán an teagaisc. Tá ardmheas ar na gradaim orthu ag lucht léinn na hOllscoile. Tugtar aitheantas don uile dhuine de lucht na ngradam as ucht a gcuid dúthrachta agus a gcuid díograise maidir le feabhas an teagaisc agus na foghlama.

## 2.8 Oideachas ar Líne

Tá cúrsaí iarchéime á gcur ar fáil ar líne go hiomlán ón mbliain 2014 i leith mar chuid de chuspóirí straitéiseacha na hOllscoile i ndáil le hoideachas ar líne. Rinneadh leasú i leith na linne ar chuid mhór de na cúrsaí sin sa bhliain 2019-2020 d'fhonn an t-ábhar foghlama a choinneáil bord ar bhord leis an aimsir agus de réir an tsárchleachtais. Rinneadh Dioplóma sa Radaiteiripe, á chur ar fáil ar líne go hiomlán, a leagan amach lena chur ar fáil ag Scoil an Leighis in éineacht leis na modúil Teastais ar líne eile a leagadh amach roimhe seo. Ar an gcuma chéanna, leagadh amach Dioplóma ilmhodhanna sa Chleachtas Clinice lena chur ar fáil ag Scoil an Leighis in éineacht leis na modúil Teastais ar líne eile a leagadh amach roimhe seo. Rinneadh modúl ilmhodhanna i Modhanna Taighde a leagan amach do Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais, rud a chuir ar chumas mhic léinn éagsúla M.Sc. staidéar a dhéanamh ar líne ar ábhar an tráth a raibh siad ag ullmhú d'oibriú ar thráchtais.

I ndáil leis an gcuspóir a leagtar ar Thionscadal Oideachais na Tríonóide (TEP) leasú a thabhairt i gcrích maidir leis an oideachas bunchéime san Ollscoil, lean TOSL den obair ag fónamh do mhodúil roghnacha éagsúla de chuid TEP trí bhearta foghlama digiteacha, físeáin agus acmhainní idirghníomhaíochta ilmheáin a chur ar fáil do Scoileanna éagsúla ar fud na hOllscoile.

Leanann Coláiste na Tríonóide d'fhónamh a dhéanamh do dhreamanna foghlama ar fud an domhain trí chúrsaí saorcheada ar ardchaighdeán (cúrsaí MOOC) a chur ar fáil i gcomhar le FutureLearn. Chláraigh níos mó ná 46,000 foghlaimeoir i rith na bliana 2019-2020 le ceann de Mhórchúrsaí Ar Líne (MOOC) Choláiste na Tríonóide a dhéanamh, líon an-ghar don bhuaiclíon bliain ar bith go dtí seo. Ar na hábhair is mó a tharraing daoine, bhí Leabhar Cheannanais, Oinceolaíocht Radaíochta, Forbairt Inbhuanaithe, Altracht maidir le Míchumas Intleachta agus Oideas Aclaíochta.

Seoladh cúrsaí nua i rith na bliana maidir le Toircheas go Breith, Sláinte na Mná in Máthair di, agus Stair an Leabhair. Tá cúrsaí ar líne maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach á rith ag Coláiste na Tríonóide maidir le Gnéithe Eacnamaíochta an Mhargaidh Réadmhaoine agus Dlí do Dhaoine a Oibríonn maidir le Cosaint agus Leas Leanaí.

## 2.9 Comhaontuithe Idirnáisiúnta

I rith bhliain acadúil 2019-2020, bhí comhar páirtnéireachta á thabhairt chun cinn le forais éagsúla, ar a n-áirítear céimeanna i gcomhar le La Salle College of Arts i Singeapór in Amharclannaíocht agus Taibhréimeanna an Domhain (Drámaíocht) agus in Aisteoireacht agus i gCleachtais Idirnáisiúnta (LIR) agus sa Cheol le Sunway (an Mhalaeisia). Bhí cainteanna ar siúl go leanúnach i rith bhliain acadúil 2019-2020 maidir le céim dhá choláiste le Sydney (sa Bheartas Sóisialta agus sa Dlí).

D'aontaigh an Coiste Léinn Fochéime clár don chéim dhá choláiste le Columbia san Innealtóireacht i mí Bealtaine 2020 chomh maith le dhá réimse bhreise faoi Chlár Chéim BA dhá Choláiste le Columbia i ndáil le Creideamh agus le Fealsúnacht.

Tá Coláiste na Tríonóide páirteach i gcónaí in CHARM-EU (Challenge driven, Accessible, Research based, Mobile European University) arb é atá de théama leis An Duine agus an Pláinéad a Thabhairt lena Chéile. Ollscoil Barcelona, Ollscoil Utrecht, Ollscoil Eötvös Loránd i mBúdaipeist, agus Ollscoil Montpellier na páirtnéirí. Rinneadh obair phleanála maidir le clár máistreachta le haontú sa dara leath den bhliain 2020 agus tugadh an chéad dréacht de Chóras Maitrís Gluaisteachta chun críche.

Rinneadh dul chun cinn den rath leis an bpáirtnéireacht straitéise leis an University of Birmingham maidir le cúrsaí taighde agus gluaisteacht mac léinn agus ceadaíodh cistíocht tionscanta d'fhonn treisiú leis an gcaidreamh ar fud na trí réimse a shonraítear maidir le béim faoi leith: Bithinnealtóireacht; Trialacha Clinice agus Oiliúint; agus Daonnachtaí Digiteacha agus tá rún dáiríre cur ó thaobh líon agus réimse le malartú mac léinn ar fud an fhorais. Is cuspóir fadtéarmach i gcónaí i ndáil leis an gcomhar páirtnéireachta staitéiseach seo an rún clár do chéim dhá choláiste a leagan amach agus is é is dócha gur i ndáil le ceann de na réimsí béime faoi láthair a thiocfaidh sin chun cinn ach an comhbheartaíocht taighde a bheith ina ghnáthrud ar dtús.

Cheangail Coláiste na Tríonóide agus ollscoil an Sorbonne comhar páirtnéireachta straitéiseach sa bhliain 2018 agus cuireadh tús i rith bhliain acadúil 2019-2020 leis an mbeartaíocht thionscantach ina leith sin trí threocháipéis a leagan amach i gcomhar i ndáil leis an bpáirtnéireacht ilfheidhme (taighde agus oideachas) agus cistí tionscanta á gcur ar fáil ag an dá fhoras. Tháinig an Néareolaíocht chun cinn mar réimse ina bhfuil spéis faoi leith oibriú i gcomhar maidir le cúrsaí taighde agus bheadh céim dhá choláiste ar leibhéal máistreachta ina chuspóir ina leith sin go fóill.

# 3. Taithí an Mhic Léinn

Téann Taithí an Mhic Léinn ar Choláiste na Tríonóide níos faide ná an curaclam agus tagann san áireamh clubanna agus cumainn na mac léinn a chuidíonn leis an mac léinn a ullmhú don saol a mbaineann ceannaireacht agus rannpháirtíocht phoiblí leis. Cuireann seirbhís oidí na mac léinn leis an éiteas pearsanta chomh maith.

## 3.1 Seirbhísí Tacaíochta don Mhac Léinn

Is é an dúthracht maidir le forbairt intleachtúil agus le forbairt phearsanta an uile mhac léinn bun agus barr bheartaíocht uile na hOllscoile. D'fhonn cur lena dtaithíonn an mac léinn, cuireann na seirbhísí tacaíochta réimse leathan seirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil, lena n-áirítear Coiríocht, Clárlann Acadúil, Lónadóireacht, Forbairt Fhoghlaim an Mhic Léinn, Seirbhís na nOidí, Lárionad Sláinte an Choláiste, Seirbhísí Comhairleoireachta, Seirbhís do Dhaoine faoi Mhíchumas, an tSéiplíneacht, Seirbhísí Gairmthreorach, Naíolann an Choláiste agus an Rannóg Spóir. Cinntítear leis na seirbhísí sin go ndéantar soláthar do leas na mac léinn agus don fhorbairt shóisialta, chultúrtha agus mothúchánach ar bhealach cothrom uilechuimsitheach.

## 3.2 Gnóthachtáil na Mac Léinn

Chruthaigh na mic léinn agus cumainn na mac léinn go maith i réimsí go leor i rith na bliana acadúla 2019-2020.

Tá siad seo a leanas le háireamh ar bhearta suntasacha agus ar dhátaí suntasacha na bliana:

- Bhí mic léinn bunchéime de chuid Choláiste na Tríonóide i measc na n-iomaitheoirí is fearr a chruthaigh i mbun fadhb innealtóireachta a réiteach den chineál a bhíonn le sárú sa saol dáiríre i gcomórtas idirnáisiúnta faoi urraíocht ón gcomhlacht idirnáisiúnta GE i mí Deireadh Fómhair. Rinne Owen Murphy ionadaíocht thar ceann fhoireann Choláiste na Tríonóide agus bhí sé i láthair ag comhdháil ITHERM 2019 i Las Vegas don chéim dheireanach de Dhúshlán Dearthóireachta do Mhic Léinn maidir le Slogaide Teasa, comórtas a thug blaiseadh do na hiomaitheoirí ar dhéantúsaíocht bhreisithe.

- Thug Lyndsay Walsh, mac léinn, clár de chuid an Taisce mar Ambasadóir Aeráide chun críche i rith na bliana 2019 agus bronnadh Gradam Sároibre uirthi as ucht feabhas iontach a cuid oibre i mbun cumarsáide leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta/an Banc Domhanda maidir leis an athrú aeráide, i mbun staidéar éiceolaíochta maidir le hAbhantrach na hAmasóine agus ag cur leis an aird agus leis an tuiscint ar an gceart agus ar an gcóir maidir le cúrsaí aeráide trí leas a bhaint as ardán le lucht féachana idirnáisiúnta ar CNBC. Meastar go ndeachaigh Lyndsay i gcion ar bhreis is 1.2 milliún duine i rith na bliana 2019, rud a léiríonn an tábhacht agus an tionchar is féidir a bheith le beartaíocht aon duine amháin.

- Bhí mac léinn PhD de chuid Choláiste na Tríonóide san iomaíocht le comhghleacaithe dá chuid in ollscoileanna móra na hEorpa sa bhabhta craoibhe de chomórtas nuálaíochta arna rith ag Qualcomm, comhlacht leictreonaice, i mí Bealtaine. Oibríonn Daniel Joseph (DJ) Ringis, ar as Oileán na Tríonóide dó ó dhúchas, i réimse IS maidir le sruthchraoladh ábhar físeáin leis an nGrúpa Sigmedia i Roinn na hInnealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí.

- Bronnadh gradam Mary Mulvihill le sármholadh ó na moltóirí i mbliana ar Aoife Kearins. Comórtas eolaíochta maidir leis na meáin chumarsáide seo do mhic léinn tríú leibhéal trína ndéantar comóradh ar oidhreacht Mary Mulvihill (1959–2015), iriseoir eolaíochta agus údar. Rinne Aoife plé ina tionscadal ar an tábhacht atá le timpeallacht an duine, mar shampla an trá, mar ábhar spreagtha do thaighde lucht eolaíochta chomh mór le saothar lucht ealaíne.

**Cumainn na Mac Léinn**

- I mí Eanáir 2020, rinne an Propast agus comhaltaí reatha an Choláiste ceiliúradh in éineacht le Coiste Lárnach na gCumann ar chothrom 50 bliain ó bunaíodh an Coiste ag fónamh do bheartaíocht na mac léinn ar an gcampas. Seoladh físeán ina léirítear scéal chumainn Choláiste na Tríonóide mar a fheictear sin do chéimithe a ndeachaigh a gcuid ama sna cumainn go mór i gcion ar an saol atá caite acu ó shin. Sa saothar sin, ina bhfeictear cumainn agus mic léinn na linne seo, chomh maith le céimithe iomráiteacha a bhí páirteach sna cumainn lena linn, ní hamháin go léirítear a ndéanann na cumainn de thairbhe do Choláiste na Tríonóide, léirítear chomh maith an fiúntas a bhíonn go fadtéarmach le páirt a ghlacadh i mbearta seach-churaclaim dá leithéid.
- 'Go Green' ba bhriathar do Choiste Lárnach na gCumann 2019-2020 agus spreagadh na cumainn chun imeachtaí a eagrú trína gcuirfí sin chun cinn. D'eagraigh Féile Ealaíne Choláiste na Tríonóide, an Cumann Cniotála, Aisteoirí na hOllscoile, Cumann Ceolamharclannaíochta Choláiste na Tríonóide, Cumann na Timpeallachta agus Cumann na Veigeán ócáidí le haird ar chúrsaí inmharthanachta agus spreagadh tuiscint ar an bpáirt is féidir le cumainn a bheith acu maidir le hídiú carbóin a mhaolú agus beartaíocht i ndáil leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn.
- D'eagraigh an Cumann Dlí ócáid seolta an taispeántais Trinity Women in Law maidir le stair na mban i mbun dlíodóireachta. I measc na ndaoine a tháinig i láthair, bhí na haoi-chainteoirí an Seanadóir Ivana Bacik agus Mary Finlay Geoghegan, iarbhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí.
- Rinne an Cumann Staire (The Hist.) ceiliúradh ar 250 bliain ó thráth a bhunaithe le sraith imeachtaí a lean ar feadh seachtaine faoin téama Óráidíocht ar mhaithe leis an Daonlathas. 'Oratory in the Service of Democracy'. Sheol Sir Donnell Deeny, Leas-Seansailéir na hOllscoile, a bhí i mblianta a óige ar an aon duine amháin a bhuaigh Corn Díospóireachta an Irish Times trí huaire, comóradh Hist250 go foirmeálta ag fáiltiú speisialta in Áras Cuimhneacháin na gCéimithe. Ag Seó Mór an Gheimhridh, arna eagrú ag an gCumann Ceolamharclannaíochta, an Cumann Ceoil, an Cumann Damhsa, an Cumann Amhránaíochta agus an Cumann Ailse, bhí 120 oirfideach de chuid Choláiste na Tríonóide ar an ardán in aon oíche amháin i mbun taibhréim aonair agus taibhréim grúpaí.
- D'eagraigh Aisteoirí na hOllscoile Féile Gealra le léiriú an dráma Bent le Martin Sherman oícheanta uile na seachtaine. Is dráma mórshuntais seo lena ndírítear aird ar an drochíde a imríodh ar dhaoine aiteacha sa Ghearmáin i rith ré na Naitsíoch. Eagraíodh cainteanna, taispeántais agus eile freisin mar chuid den Fhéile lena ndearnadh ceiliúradh ar an gCultúr Aiteach.

**Cúrsaí Spóirt**

Cheangail níos mó ná 6,066 le club spóirt i rith na bliana 2019-2020 agus lean 63% de bhaill na gclubanna spóirt i mbun na beartaíochta ó thús go deireadh na bliana acadúla. Ainneoin srianta ar bhearta traenála agus comórtais a chur ar ceal i mí Márta 2020, is iomaí buaicphointe a ghabh le séasúr spóirt 2019-2020:

- Ar an deireadh seachtaine 7-8 Márta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, bhuaigh Club Pionsóireachta Ollscoil Bhaile Átha Cliath Craobh Idir-ollscoileanna na hÉireann don tríú bliain déag as a chéile, ón mbliain 2008 i leith.
- Bhuaigh Meteors Choláiste na Tríonóide Roinn a hAon i Léim an Bhradáin nuair a bhuaigh siad Cluiche Craoibhe na Sraithe Náisiúnta in aghaidh Chumann Cispheile Naomh Muire, Oileán Ciarraí 80 – 65.
- Chruthaigh foireann lúthchleasaithe rásaí fada Chumann Lúthchleasaíochta Ollscoil Bhaile Átha Cliath go sármhaith sa rás Trastíre in aghaidh Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i bPáirc an Fhionnuisce ar an 22 Feabhra 2020. Thug lúthchleasaithe Choláiste na Tríonóide an chéad, an dara agus an tríú háit leo i rás na bhfear agus i rás na mban.
- Bhuaigh foireann Camógaíochta Choláiste na Tríonóide Corn an Athar Uí Mheachair i Staid Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i mí Eanáir 2020. Sa chluiche deireanach de shéasúr faoi leith, fuair siad an ceann is fearr ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath 0-13 le 0-08.
- I mí Feabhra 2020, d'eagraigh Cumann Sacair Ollscoil Bhaile Átha Cliath comórtas an Collingwood Cup agus bhuaigh foireann an Choláiste Corn Farquhar le bua in aghaidh Ollscoil na hÉireann, Má Nuad i bPáirc an Choláiste.
- Tháinig foireann chlub eitpheile na mban sa chéad áit i sraith Spórt na Mac Léinn in Éirinn 2019-2020 agus bhuaigh foireann na bhfear Craobh Eitpheile Spórt na Mac Léinn in Éirinn 2019-2020.
- D'éirigh go maith leis an gclub barra meáchan sa chraobhchomórtas náisiúnta tréantógála sóisir nuair a chruthaigh triúr de na lúthchleasaithe sách maith le dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta ar son na hÉireann.
- Ar na clubanna eile a chruthaigh go maith agus a ghnóthaigh boinn ar son Choláiste na Tríonóide, bhí na clubanna Boghdóireachta, Júdó, Cearáité, Trampailíneachta agus Badmantain.

.

# 4. Bearta Taighde

## 4.1 Cistí Taighde

Tharla ísliú €2m (2%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo (arna mheas de réir an chaiteachais) ar an mbeartaíocht taighde dar luach €99m. B'ionann luach na ndámhachtainí nua a gnóthaíodh i rith na bliana agus €119m (2018- 2019: €155m) agus cuireadh isteach go mór ar chúrsaí mar gheall ar theorainn le gairmeacha sparánachta ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Sa bhliain 2019-2020, b'ionann an cóimheas Státchiste: neamh-Státchiste maidir le hioncam taighde agus 56:44 (2018-2019: 54:46).

Leanadh leis an rath ar bheartaíocht Choláiste na Tríonóide maidir le cistí an AE a aimsiú i rith na bliana 2019-2020 agus b'fhiú €29m (2018-2019: €27m) iomlán na ndámhachtainí nua a gnóthaíodh faoin gClár Horizon 2020. Tá Coláiste na Tríonóide le háireamh ar an 54ú foras san Eoraip, as beagnach 33,000 foras i 158 dlínse agus tír, ó thaobh rannícocaíochtaí Fís 2020 an AE ar fud iomlán na n-eagraíochtaí, agus le háireamh ar an 34ú Foras Ardoideachais de chuid na hEorpa ar liostaí an domhain. Tá, chomh maith, 50% de na dámhachtainí uile ón gComhairle Eorpach um Thaighde ón mbliain 2014 i leith maidir le taighde in Éirinn gnóthaithe ag Coláiste na Tríonóide. Cé go bhfuil iomaíocht ghéar ag baint le réimsí taighde i gcónaí, tá Coláiste na Tríonóide i gcaoi mhaith ó thaobh rátaí cistíochta ón AE agus is é a bheidh le cinntiú san am atá romhainn go gcoinnítear ionad an Choláiste in ord Choláistí na hEorpa an tráth céanna a n-ullmhaítear do Fís Eorpach. (Leanfaidh Fís Eorpach, i gcomhréir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil an AE, i rith na mblianta 2021-2027).

Bíonn deacracht á chruthú i gcónaí maidir le bearta tacaíochta na hOllscoile i ndáil le cúrsaí taighde ag ráta na gcostas indíreach (20%) i gcomparáid le ráta 59% maidir leis an gCostas Iomlán Eacnamaíochta agus is easnamh cistíochta sin a thagann i gceist bliain i ndiaidh bliana agus ní mór beart a dhéanamh ina leith.

Bhí níos mó ná 1,489 cuntas taighde i bhfeidhm i rith na bliana 2019-2020 faoi stiúir 582 Príomhimscrúdaitheoir. Chuir beartaíocht taighde bonn fónta faoi c.2,300 duine i rith na bliana 2019-2020 (1,610 ball foirne agus 690 mac léinn PhD).

| Foinse an Chiste Taighde 2020 | An bhliain dár críoch an 30 Meán Fómhair |
|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 33% |
| Coimisiún an Aontais Eorpaigh (AE) | 21% |
| Eile (Neamh-Státchiste) | 8% |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | 8% |
| Fiontar Éireann | 7% |
| An Bord Taighde Sláinte | 7% |
| Rialtas na hÉireann / Gníomhaireacht Stáit | 6% |
| Earnáil na Tionsclaíochta | 5% |
| Carthanais | 5% |

## 4.2 Scoláireachtaí agus Gradaim a Gnóthaíodh

Lean baill foirne de chuid Choláiste na Tríonóide ag cruthú go sármhaith i mbun a gcuid taighde agus bronnadh gradaim agus cistí náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu. Seo a leanas roinnt de na gradaim a bronnadh ar aos taighde Choláiste na Tríonóide:

Tugadh cistí rialtais do sheisear taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide maidir le hobair bharrthábhachtach taighde i ndáil le COVID-19 agus leis an gcur isteach a bheadh ag an ngalar ar chúrsaí sláinte agus folláine in Éirinn, ar an tseirbhís sláinte agus ar chinntí maidir leis an tsláinte phoiblí. Rinne an Bord Taighde Sláinte, i gcomhar leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, Gairm Luathbheartaíochta COVID-19 a sheoladh i mí Márta 2020 d'fhonn maoiniú a dhéanamh ar obair thaighde d'fhonn lón fianaise a chur ar fáil maidir leis an dícheall náisiúnta agus idirnáisiúnta déileáil le ráigeanna an víorais. Tá fiosrú á dhéanamh leis na sé cinn de thograí sin ar thionchar COVID-19: ar shláinte dhaoine scothaosta; ar bhearta idirghabhála sláinte poiblí; ar an úsáid as córais teilemhíochaine do

dhreamanna a bheadh i mbaol, ar dhaoine le galar uath-imdhíonachta; agus, meastachán a thabhairt maidir le scála leitheadúlachta an ghalair.

I mí Aibreáin, d'fhógair Coláiste na Tríonóide agus Banc Aontas Éireann comhar páirtnéireachta d'fhonn mol taighde a chur ar bun san Ollscoil a bhrostódh ar bhonn práinne le togra imdhíonachta an Choláiste chun dul i ngleic le paindéim COVID-19 a d'eascair ó SARS-coróinvíreas-2. Tá ról buntábhachtach le Mol Taighde COVID-19 AIB, atá lonnaithe in Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide, maidir le Tionscadal Imdhíonachta COVID-19 Choláiste na Tríonóide a thabhairt i gcrích. Tá lucht imdhíoneolaíochta agus lucht clinice maidir le galair thógálacha in Ospidéal San Séamus, Baile Átha Cliath páirteach sa Mol. I dtús mhí Iúil, d'fhógair an Rialtas go raibh €4.8 milliún breise á thabhairt don Mhol.

I mí Deireadh Fómhair 2019, bhí Stevie, an róbait cúnta sóisialta, ar chlúdach TIME Magazine tar éis dul i gcion go mór ar dhaoine sna Stáit Aontaithe atá in aois an phinsin. Meitheal faoi stiúir an Oll. Cúnta Conor McGinn i Scoil na hInnealtóireachta, Coláiste na Tríonóide a rinne an obair dearthóireachta agus forbartha maidir le Stevie. Cuireadh an róbat in aithne in athuair dá lucht leanúna in Éirinn tar éis teacht chun cinn go mór a bhuíochas de chora suntasacha teicneolaíochta agus acmhainn ardleibhéil IS. Áirítear Stevie ar liosta TIME den 100 beart nua-cheaptha is fearr don bhliain 2019. Luaitear an Dr McGinn freisin ar liosta an MIT Review den Lucht Nuálaíochta is fearr san Eoraip faoi bhun 35 bliana d'aois.

Bhronn an Chomhairle Eorpach um Thaighde gradaim ardréime dá cuid ar thriúr taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide i mí na Nollag 2019. B'iad sin an Dr Conor Buckley, Ollamh Comhlach agus Stiúrthóir maidir le hInnealtóireacht Bithleighis i Scoil na hInnealtóireachta agus Príomh-imscrúdaitheoir i Lárionad AMBER (maidir le taighde ar Ábhair Ardleibhéil agus le Bithinnealtóireacht); an Dr Redmond O'Connell, Ollamh Comhlach i Scoil na Síceolaíochta agus in Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide (TCIN); agus an Dr Matthew Campbell, Ollamh Cúnta i Scoil na Géineolaíochta agus Micribhitheolaíochta agus Príomh-imscrúdaitheoir in FutureNeuro, Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le Galair Néareolaíochta Ainsealacha agus Neamhchoitianta.

Ghnóthaigh an tOll. Dan Bradley Deontas Ardleibhéil de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaighde dar luach €2.5 milliún i Márta 2020. Is é seo an dara deontas den sórt sin aige. Tá an deontas á chur chun fónaimh aige maidir le taighde idirdhisciplíneach de chineál nua ar fad i réimse eipigéineolaíochta na seanreachta. Tiocfaidh dá thoradh sin gur féidir caibidlí nua i stair ársa an chine daonna a ríomh.

Deonaíodh €2.3 milliún do mheitheal taighde chun staidéar a dhéanamh maidir le galar neamhchoitianta ar a dtugtar "soitheachaíteas" le deiseanna teicneolaíochta den chineál is fearr maidir le ceangal idir sonraí. Is tinneas seo ar gá ollmhéideanna sonraí ina leith ionas gur féidir leis an lucht taighde teacht ar chomhairle faoi mhodhanna cóireála nó leighis. Ar na Príomhimscrúdaitheoirí mórthábhachta a bhfuil baint acu leis an togra seo, ar a dtugtar FAIRVASC, tá Mark Little, Ollamh le Neifreolaíocht i gColáiste na Tríonóide, agus Declan O'Sullivan, Ollamh le hEolaíocht Ríomhaireachta agus Príomh-Imscrúdaitheoir ADAPT.

I mí Meithimh, sheol Coláiste na Tríonóide Human+, comhaltacht ceannródaíochta lena gcuirtear an duine i gceartlár an aonaigh maidir leis an nuálaíocht i gcora nua teicneolaíochta d'fhonn freastal do riachtanais fhadtéarmacha an phobail i gcoitinne. Rangaíodh an clár sa dara háit san Eoraip, chun tosaigh ar chuid mhór iarratas mar gheall ar an gcur chuige sainiúil maidir le nuálaíocht teicneolaíochta a chur chun cinn de réir dhearcadh an duine. Baineann comhaltacht Human+ le clár idirdhisciplíneach idirnáisiúnta cúig bhliana trína gcruthófar comhar taighde agus oiliúna faoi leith d'fhonn saineolas agus léargas lucht ealaíne, daonnachtaí agus eolaíochtaí ríomhaireachta, chomh maith le cásanna dáiríre i réimsí na tionsclaíochta agus na fiontraíochta, a shlánchóiriú ina chéile.

Bhronn an Chomhairle Eorpach um Thaighde Gradam maidir le Rannpháirtíocht an Phobail a chothú sa Taighde ar an Ollamh Anna Davies mar gheall ar na bearta comhchaidrimh ar na meáin shóisialta i ndáil leis an togra ShareCity, trína ndéantar an araíocht a bhainfeadh, ó thaobh gnáis oibre agus leanúint go fadtréimhseach, le geilleagar ar bhabhtáil bia ar fud réimsí cathrach. Foireann deismireachtaí nua as an bpíosa is ea SHARECITY a seoladh i mí Eanáir d'fhonn cuidiú le tionscnaimh comhbhabhtála bia tuairisc a bhreacadh ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid beartaíochta maidir le gnéithe inmharthanachta na gcóras bia agus an t-eolas sin a chur in iúl.

Bhí aon cheann déag de thograí taighde atá dírithe ar an bhfiontraíocht i measc an 50 togra ar ar bronnadh cistí dar luach iomlán €4.3 milliún faoi Scéim Comhpháirtnéireachta Fiontraíochta 2020 na Comhairle um Thaighde in Éirinn i mí Lúnasa 2020. Cuirtear bonn treise leis an scéim seo faoi chomhar páirtnéireachta i mbun tionscadail comhchistíochta idir daoine den aos taighde atá i dtús a ré gairme agus lucht fiontraíochta. Bhain na tograí de chuid Choláiste na Tríonóide ar deonaíodh cistí ina leith i rith na bliana le réimse éagsúla léinn ar fud Dhámha na hOllscoile.

Éiceolaí ceannródaíochta an Dr Jeremy J Piggott, Ollamh Cúnta le Zó-eolaíocht i Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha. Bronnadh gradam 2019 na Comhairle um Thaighde in Éirinn do Thaighdeoir Thús Ré Gairme na Bliana air i mí na Nollag 2019.

Is é an Dr Thomas Ryan an chéad eolaí i bhforas ar bith in Éirinn a ghnóthaigh Comhaltacht Gradaim Institiúid Lister sa Mhíochaine Choisctheach. Beidh leas á bhaint aige as an duais i ndáil le hobair taighde ar “iongraim” cuimhne d'fhonn tuiscint níos fearr a ghnóthú ar ábhar cuimhne ó bhlianta an linbh féachaint an féidir sin a thabhairt chun cuimhne in athuair agus an duine fásta.

Bhronn Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, Gradam Fhondúireacht Eolaíochta Éireann Cheannródaithe Taighde Uachtarán na hÉireann ar cheathrar den lucht taighde ag searmanas speisialta in Áras an Uachtaráin. Tugtar aitheantas don cheathrar leis na gradaim as ucht "ceannródaíocht taighde agus sárbheartaíocht i réimsí eolaíochta agus innealtóireachta”. Is iad an ceathrar an tOllamh Cúnta Suzanne Cloonan, Scoil an Leighis, an tOllamh Cúnta David Loane, Scoil na Bithcheimice, an tOllamh Cúnta Nessa O’Connor, Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha, agus an tOllamh Roman Romero-Ortuno, Institiúid Dhomhanda na Sláinte Inchinne (GBHI) agus Institiúid Mercer um Aosú Bisiúil (MISA).

I mí Bealtaine 2020, bronnadh an Gradam Airgid ag Gradaim Dhomhanda 2020 EFMD maidir le Sárfheabhs Cleachtais ar chlár sainchóirithe maidir le ceannródaíocht nuálaíochta arna fhorbairt ag Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide i gcomhar le DAA. Is gradaim iad cuid EFMD trína dtugtar aitheantas don bheartaíocht sárfheabhais maidir le hoideachas feidhmeannach agus cláir arna leagan amach agus á gcaomhchóiriú ionas gur féidir le heagraíochtaí freastal don athrú maidir le daoine agus leis an eagraíocht féin.

Bronnadh Comhaltacht Sinsearach Hans Fischer san Institiúid Ard-Léinn in Ollscoil Teicneolaíochta München ar an Ollamh Mathias Senge mar gheall ar an obair thaighde i gcomhar trína bhfuil dearthóireacht mhóilínech agus rialú nana-ábhair, le feidhmeanna leictreonaice, fótónaice agus ceimice inchóirithe, á chur chun cinn.

Bronnadh Gradam Fulbright 2020 ar dhuine den lucht léinn, ar thriúr mac léinn agus ar cheathrar céimithe de chuid Choláiste na Tríonóide. Bhí siadsan le háireamh ar 36 duine in Éirinn a ghnóthaigh Gradam Fulbright tráth ar fhógair an tAire Ciarán Cannon T.D. lucht na ngradam i mí Meitheamh 2020. Is é seo an líon is mó Gradamóirí ag Coláiste na Tríonóide le roinnt blianta anuas.

Ghnóthaigh an Dr Aljosa Smolic, Ollamh Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann le Teicneolaíocht na Cruthaitheachta i gColáiste na Tríonóide, Gradam iomráiteach IEEE ICME 2020 don Sárnuálaí Ilmheán i mí Iúil 2020. Is gradam sin don lucht fionnachtana i ndáil le teicneolaíocht chlaochlaitheach agus córais nua gnó i réimsí teicneolaíóchta a thagann faoi scáth shraitheanna comhdhálacha IEEE ICME. Dírítear aird ar bhearta nuálaíochta a chuaigh nó a rachaidh i bhfeidhm go mór ar shaol an duine.

Bronnadh cistí ón mBord Taighde Sláinte, faoi Scéimeanna Comhaltachtaí Taighde Sláinte, ar cheathrar taighdeoirí, comhartha go n-áirítear i dtús cadhnaíochta iad orthu sin atá ag teacht chun cinn i gcóras taighde sláinte na hÉireann faoi láthair. Is iad a ghnóthaigh na gradaim: an Dr Irina Kinchin, an Institiúid Dhomhanda um Shláinte Inchinne, an Dr Bridget Johnston, Comhalta Taighde, an Lárionad Beartais agus Bainistíochta Sláinte, an Dr Melissa Mialon, Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide agus an Dr Laura Gleeson, Liacht Clinice, Ospidéal San Séamus.

Bhronn an Institut des Hautes Études Scientifiques gradam ar an Ollamh Samson Shatashvili mar gheall ar chion suntasach tairbhe i ndáil le teoiric réimsí candamacha. Tá dul chun cinn mór déanta le scór go leith blianta anuas mar gheall ar an idircheangal idir réimsí na matamaitice agus na fisice agus bhí páirt mhór ag an Ollamh Shatashvili leis an dul chun cinn sin.

D'ainmnigh Rialtas na Fraince an tOllamh Barbara Wright, nach maireann, ina Chevalier de la Légion d'honneur i mí Meán Fómhair 2019 mar gheall ar fheabhas a ré gairme i mbun staidéir agus tráchtaireachta ar litríocht agus ar phéintéireacht na Fraince.

Bronnadh Bonn Burkitt ar an Dr Mina Bissell i mí Meán Fómhair as ucht a cuid oibre a chuir athrú ar an dearcadh i leith na hailse agus réimsí gaolmhara. Tarraingítear amhras ina saothar ar roinnt de na tuairimí seanbhunaithe.

Fógraíodh gur éirigh le dhá thogra nuálaíochta de chuid Roinn na Liachta Clinice cistí a fháil faoi scéim cistí Rialtais maidir le Sláintecare. 'Inclusion Health' an teideal atá ar cheann acu, faoi stiúir an Oll. Clíona Ní Cheallaigh, lena mbaineann cur chuige i leith chúram clinice agus taighde trína bhféachtar le beart a dhéanamh i ndáil leis an éagothromaíocht mhór ó thaobh cúrsaí sláinte a bhíonn le sárú ag daoine a fhulaingíonn séanadh sóisialta. Is é teideal atá ar an dara togra 'A pathway to empower patients to engage with antimicrobial stewardship' agus de chuspóir leis deis a thabhairt don othar labhairt amach faoi shláinteachas frithmhiocróbach sna hospidéil.

Ghnóthaigh dhá mheitheal de chuid Choláiste na Tríonóide dámhachtainí faoi Chlár Bhonneagar Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le maoiniú do thionscadail den nuálaíocht a mbeidh toradh rífhónta orthu. An tOll. Mani Ramaswami an ceann feadhna thar ceann Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide a ghnóthaigh ceann de na dámhachtainí do thionscadal maidir le MRI 3T Digiteach Fíorbheagán Torainn agus ghnóthaigh meitheal an Oll. Kingston Mills dámhachtain freisin don tionscadal maidir le citiméadracht sreibhe den chineál is nuaí agus anailís géine aonchille.

Bronnadh Gradam (IRPE) Aitheantas Idirnáisiúnta ar Shárfheabhas Gairme in éiceolaíocht mara ar an Dr Nessa O'Connor as a cuid taighde ceannródaíochta. Trí dhul chun cinn maidir le teoiric na héiceolaíochta a shnaidhmeadh le hobair maidir le hathchóiriú gnáthóige agus dobharshaothrú, tá a cuid saothair ag cur go tréan leis an tuiscint ar éiceachórais mara an tráth céanna a bhfuil promhadh á dhéanamh ar mhodhanna nua oibre d'fhonn saothrú ar bhealach inmharthana a dhéanamh ar acmhainní beantacha.

Fuair Institiúid Matamaitice Hamilton Choláiste na Tríonóide deontas suntasach ón Simons Foundation i mí Deireadh Fómhair 2019. Bainfidh an Institiúid leas as an deontas $600,000 chun síneadh ama a chur leis na cláir maidir le hOllúna Cuairte Simons, Comhaltaí Iardhochtúireachta Simons agus Scoláirí Cuairte Simons.

Ag Gradaim Sárbheartaíochta Innealtóirí Éireann 2019, bhuaigh CONNECT Gradam Oideachas Innealtóireachta 2019 as ucht an clár EDGE, clár oiliúna iardhochtúireachta.

Ghnóthaigh an tOll. Lydia Lynch agus an tOll. Danny Kelly Gradaim Eolaíochta 2019 as an saothar suntasach taighde atá déanta acu ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Ghnóthaigh Lydia Lynch, Ollamh Comhlach i Scoil na Bithcheimice agus Imdhíoneolaíochta ceann de dhá Ghradam do Thaighdeoir i dtús a Ré Gairme, comhartha aitheantais ar shárchumas taighde i dtús a saol taighde. Ghnóthaigh Danny Kelly, Ollamh i Lárionad Taighde AMBER Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le Ábhair Ardleibhéil agus Taighde Bithinnealtóireacht, agus Stiúrthóir Lárionad Choláiste na Tríonóide maidir le hInnealtóireacht Bithleighis, Gradam Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le Comhpháirtnéireacht le Lucht Tionsclaíochta as ucht obair i gcomhar le Johnson & Johnson Services, Inc.

Dheonaigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann €700,000 do bheirt d'ollúna Choláiste na Tríonóide: ceadaíodh €348,950 don Oll. Cúnta David Igoe, Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha agus Comhshaoil, i mbun tionscadal taighde maidir le hidirghabháil dinimice idir bunsraitheanna agus an ithir i ndáil le tuirbíní gaoithe amach ón gcósta agus ceadaíodh €348,000 don Oll. Comhlach Eleanor Denny chun taighde a dhéanamh maidir le feithiclí leictreacha agus gnáis infheistíochta na dtomhaltóirí.

## 5. Nuálaíocht agus Fiontair a chur ar bhonn Tráchtála

Déanann Taighde & Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide (TR&I) an caidreamh idir taighdeoirí Choláiste na Tríonóide agus geallsealbhóirí seachtracha, gníomhaireachtaí cistíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta, dreamanna caipitil fiontair agus an lucht tionsclaíochta ina measc, a spreagadh agus a chothú. Tríd an Oifig Forbartha Taighde, Oifig na gConarthaí, Oifig na Comhpháirtíochta Corparáide agus Malartaithe Faisnéise a dhéantar an comhchaidreamh leathanréimseach seo a chur chun cinn.

Seo a leanas roinnt de bhuaicphointí na bliana 2019-2020:

- Ceannródaíocht a dhéanamh maidir le meitheal Luathbheartaíochta thogra Champas Thoir Choláiste na Tríonóide agus plean gnó agus cáipéis dearthóireachta a leagan amach don mhol nuálaíochta ar shuíomh Dhug na Mórchanála.
- Buaicphointí mórshuntasacha maidir le ceadúnais agus mac-chomhlachtaí tráchtála le bliain anuas:
    - Éadáil a rinneadh ar Chuideachtaí Campais de chuid Choláiste na Tríonóide: Cheannaigh Roche Inflazome, Cuideachtaí Campais arna chur ar bun sa bhliain 2016 faoi shocrú mórluacha (€380m+); cheannaigh MSD IdentiGen, Cuideachtaí Campais arna chur ar bun sa bhliain 1996 ar tháille neamhfhoilsithe. Cheannaigh Roche Spark Therapeutics, cuideachta a cheannaigh Genable Technologies (Cuideachta Campais de chuid Choláiste na Tríonóide) roimhe seo sa bhliain 2016.
    - Cuireadh 26 comhaontú LOA i bhfeidhm ar fud réimse leathan earnálacha, maidir le TEC, Eolaíochtaí na Beatha, Feistí Leighis agus MEEC
    - Rinne 4 Chuideachta Campais de chuid Choláiste na Tríonóide stádas Fiontar Nuathionscanta Ardfheidhmíochta (HPSU) a bhaint amach sa bhliain 2019-2020.
    - Leanadh d'infheistíocht shuntasach (>€20m) a dhéanamh i gCuideachta Campais de chuid Choláiste na Tríonóide: OneProjects, SoapBox Labs, Exhaura, Senoptica, Caliber AI, Solvotrin, Volograms.
- Caidreamh leanúnach forfheabhsaithe le páirtnéirí tionsclaíochta, ionas gur síníodh luach isteach is amach le €9.5m de ghradaim tionsclaíochta i rith na bliana 2019-2020
    - Ainmníodh Coláiste na Tríonóide agus Intel Ireland ag gradaim bhliantúla Knowledge Transfer Ireland Impact ina mbuaiteoirí ar an nGradam maidir le Caidreamh le Lucht Tionsclaíochta as ucht an comhar páirtnéireachta leanúnach eatarthu i mbun taighde. Ghlac an Dr Graham Mc Mullin leis an ngradam thar ceann Choláiste na Tríonóide.
    - I mí Iúil 2020, d'fhógair Rialtas na hÉireann, trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, infheistíocht €4.8m i gcomhar páirtnéireachta faoi stiúir Choláiste na Tríonóide dírithe go háirithe ar imdhíoneolaíocht maidir le SARS-CoV-2. Tá an comhar páirtnéireacht faoi stiúir an Oll. Kingston Mills agus an Oll. Aideen Long in Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (TBSI) agus in Institiúid Choláiste na Tríonóide maidir le Míochaine Aistritheach (TTMI).
- irítear ar na príomhbhuaicphointí maidir le hAonad Chomhairleoireacht Bainistíochta Choláiste na Tríonóide, CONSULT Trinity (arna sheoladh i mí Meán Fómhair 2019):
    - Cuireadh níos mó ná 30 tionscadal comhairleoireachta i gcrích le páirtnéirí éagsúla, ina measc comhlachtaí beaga agus meánmhéide, comhlachtaí ilnáisiúnta, Carthanais agus Gníomhaireachtaí Rialtais ina raibh páirt ag tuairim is 45 duine den lucht léinn ar fud réimse leathan earnálacha.
    - Cuireadh straitéis cumarsáide leathanréimseach i bhfeidhm lenar bhain:
        1) Scéalta faoi bheartaíocht den rath a chur in iúl trí láithreán gréasáin maidir le Cúrsaí Taighde
        2) Feachtais margaíochta saindírithe ar líne d'fhonn an caidreamh léinn agus an caidreamh seachtrach a choinneáil ar bun i rith phaindéim COVID. D'oibrigh an Oifig i gcomhar le Brand New Productions, comhlacht léiriúcháin seachtrach, chun sraith d'fhíseáin ghairide a léiriú inar cuireadh daoine den lucht léinn faoi agallamh maidir leis an rath a bhíonn ar obair chomhairleoireachta dá gcuid
        3) Straitéis chumarsáide agus dul i bhfeidhm a sheoladh maidir le tionscadail chomhairleoireachta a bhaineann go háirithe le AHSS. CONSULT i gColáiste na Tríonóide an t-aon oifig chomhairleoireachta in ollscoil de chuid na hÉireann trína gcuireann AHSS cúnamh sainchóirithe ar fáil do dhaoine don lucht léinn maidir le hobair chomhairleoireachta.
    - Cuireadh tionscadal de chuid Choláiste na Tríonóide, maidir le hobair chomhairleoireachta an Dr Séamus O'Shaughnessy le CO2 Logic ar an ngearrliosta maidir le gradam KTI Impact.
    - Seoladh tionscnamh comhairleoireachta COVID i gcomhar le Lárionad Taighde Amber Fhondúireacht Eolaíochta Éireann trínar tairgíodh comhairleoireacht saor ó tháille, do pháirtnéirí seachtracha maidir le dul in oiriúint do chúinsí athruithe mar gheall ar COVID-19.

## 5.1 Cistí Taighde

I rith na bliana acadúla 2019-2020, rinne an Oifig Forbartha Taighde fónamh maidir le líon is mó ná 1,000 iarratas ar chistí taighde a raibh luach níos mó ná €300 milliún ag gabháil leo.

I rith an ama sin, rinne Oifig na gConarthaí próiseáil ar líon is mó ná 1,000 conradh taighde dar luach foriomlán €156 milliún, 787 acu (dar luach €138 milliún) á gceadú d'eintitis de chuid Choláiste na Tríonóide agus 259 (dar luach €18 milliún) á n-eisiúint le 377 eintiteas seachtrach.

De réir mar a thuairiscítear ar threochlár Fhís 2020 an AE, i rith ré feidhme Fhís 2020, tá 246 conradh sínithe Fís 2020, dar luach iomlán €144 milliún (13% den ioncam foriomlán in Éirinn) gnóthaithe ag Coláiste na Tríonóide agus tá bearna is mó ná €30 milliún i gceist idir Coláiste na Tríonóide agus an dara foras ardoideachais is fearr a chruthaigh in Éirinn. Tá Coláiste na Tríonóide le háireamh ar an 54ú foras san Eoraip, as beagnach 33,000 foras i 158 dlínse agus tír, ó thaobh ranníocaíochtaí Fís 2020 an AE ar fud iomlán na n-eagraíochtaí. Tá Coláiste na Tríonóide anois ag ullmhú le páirt a ghlacadh i gclár nua seacht mbliana de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, Fís Eorpach. Tá Fís Eorpach (2021–2027) ar cheann de na cláir cistíochta Taighde & Nuálaíochta is mó ar domhan agus beidh maoiniú á dhéanamh ar phunann leathanréimseach de bhearta taighde agus nuálaíochta.  Tá an Oifig Forbartha Taighde ag cur faoi láthair leis na bearta cúnta do lucht taighde Choláiste na Tríonóide. Tiocfaidh san áireamh leis sin oibriú ar son an taighdeora ag aimsiú deiseanna cistíochta agus cúnamh sainiúil a chur ar fáil maidir le tograí taighde a leagan amach a bheidh inchomórtais lena mbeadh á gcur chun tosaigh.

Tá dul chun cinn mór tugtha i gcrích i ndáil le cruthú Choláiste na Tríonóide maidir leis an gComhairle Eorpach um Thaighde ó bhí clár FP7 i gceist.  12 (ar luach €22 milliún) líon na ndámhachtainí faoi FP7 agus faoi thús bhliain dheireanach Fhís 2020, tá 46 deontas Imscrúdaitheora (dar luach €68.65 milliún) ón gComhairle Eorpach um Thaighde gnóthaithe ag aos taighde Choláiste na Tríonóide, 43% d'iomlán na ndeontas ón gComhairle Eorpach um Thaighde do lucht taighde na hÉireann.

## 5.2 Maoin Intleachta

Tháinig 55 nochtadh ar mhaoin intleachta nua, arna chruthú ag taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide, chuig Oifig na Comhpháirtíochta Corparáidí agus Malartaithe Faisnéise. Cuireadh isteach 27 iarratas ar phaitinn agus ceadaíodh 26 ceadúnas tráchtála. Aontaíodh cúig chuideachta campais nua de chuid Choláiste na Tríonóide a chur ar bun. Rinneadh 58 comhaontú maidir le taighde i gcomhar a aontú le íosmhéid €25,000 á chur ar fáil ag na páirtnéirí tionsclaíochta i ndáil le gach comhaontú comharthaighde.

| | 2013/14 | 2014/15 | 2015/16 | 2016/17 | 2017/18 | 2018/19 | 2019-2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Foirmeacha Nochtaithe Aireagáin | 58 | 53 | 60 | 61 | 80 | 62 | 55 |
| Paitinní | 23 | 18 | 17 | 18 | 19 | 13 | 27 |
| Ceadúnais* | 30 | 23 | 34 | 13 | 27 | 16 | 26 |
| Cuideachtaí Campais agus Mac-chuideachtaí | 4 | 3 | 2 | 4 | 5 | 4 | 5 |

* Tugtar san áireamh ceadúnais, roghanna agus sannacháin

## 5.3 LaunchBox agus Blackstone LaunchPad

Chuir LaunchBox, clár gorlann fiontraíochta d'fhiontair nua-thionscanta de chuid na mac léinn, bonn treise faoi líon is mó ná 90 fiontar ó cuireadh an clár ar bun sa bhliain 2013 agus tharraing na fiontair sin níos mó ná €72 milliún de mhaoiniú agus d'infheistíocht.

Roghnaíodh deich gcinn de mheithle tionscanta faoi stiúir mhic léinn maidir le LaunchBox na bliana seo – agus bhí leas acu as cóitseáil, comhairle saineolais, síolchistíocht agus deis ar spás agus áiseanna gorlainne. 2020 an chéad bhliain ar tharla LaunchBox a eagrú ar líne, mar gheall ar COVID-19. Tá roinnt de na foirne – Promotion agus EVE ina measc – atá faoin tráth seo ar an gcéad chéim eile de na cláir forbartha agus tús brostaithe curtha acu le bearta airgid le custaiméirí.

Is ardán Promotion a chothaíonn ceangal idir brandaí agus lucht rothaíochta. Tugtar deis do chomhlachtaí rothair dhaoine príobháideacha a úsáid mar mheán fógraíochta. Tháinig Promotion sa chéad áit i LaunchBox 2020. Tá siad lonnaithe faoi láthair in Dogpatch Labs. Cruthaíonn EVE córas ina bhfuil stáisiúin luchtaithe d'fheithiclí leictreacha chomh háisiúil le stáisiúin pheitril trí éiceachóras a chruthú inar mó go mór na deiseanna luchtaithe atá ag úinéirí carranna leictreacha. Tháinig siadsan sa dara háit ar Lá Taispeántais LaunchBox 2020.

Ní hé LaunchBox an t-aon chóras trínar féidir le mic léinn Choláiste na Tríonóide a gcuid scileanna fiontraíochta a chothú. Tá Blackstone LaunchPad á rith faoi chlár fiontraíochta Techstars an champais agus é lonnaithe in Tangent, Spás Smaointeoireachta Choláiste na Tríonóide. Cothaítear lucht fiontraíochta i measc mhic léinn an Choláiste agus ceanglaítear caidreamh idir iad agus éiceachóras na gcomhlachtaí nua-thionscanta.

## 6. Acmhainní Daonna

Is é a leagtar de chuspóir roimh an bhfoireann Acmhainní Daonna seifteanna a leagan amach agus a thabhairt i gcrích trínar féidir le Coláiste na Tríonóide eagraíocht chríochnúil shochóirithe a chruthú ina ndéantar gach duine de phobal na heagraíochta a chothú ionas go dtugtar i gcrích aisling agus straitéis na hOllscoile mar a leagtar amach in 'I dTreo 2025: Pobal agus Ceangal'.

An Mheitheal Páirtnéireachta AD an condúit trína gcuirtear cuid mhór de na seirbhísí AD ar fáil do lucht an Choláiste.

Is féidir an obair a cheapadh le trí cinn de phríomhcholúin:

- Daoine Cumasacha: Earcaíocht, Forbairt agus Feidhmíocht
- Riarachán éifeachtúil
- Rannpháirtíocht Lucht na Foirne

**Daoine Cumasacha: Earcaíocht, Forbairt agus Feidhmíocht**

Rinne Coláiste na Tríonóide athbhreithniú ar an bpolasaí earcaíochta agus rinneadh an polasaí leasaithe a aontú agus a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2019. Is fostóir tarraingteach an Ollscoil i gcónaí ar an margadh saothair agus tá leibhéal ard de na hiarratasóirí a rangaítear ar an gcéad rogha a ghlacann leis an tairiscint ón Ollscoil ar phost.

I rith na bliana 2019-2020, d'fhógair an mheitheal Earcaíochta 445 post ar fud réimsí éagsúla den Ollscoil: Cathaoireacha Ollúnachta; poist Léinn; poist Theicniúla; poist i ngráid Bhainistíochta agus i ngráid Riaracháin; poist le Foirgnimh agus Seirbhísí agus poist Leabharlannaíochta.

Tháinig beagnach 24,000 iarratas i rith na bliana maidir le 445 post a fógraíodh. Rinneadh 425 ceapachán, 99 acu i bpost acadúil agus 326 i bpost gairme, riaracháin nó tacaíochta. Tagann sin anuas ar na baill foirne a ceapadh i bpostanna taighde, cásanna ina dtarlaíonn an earcaíocht a dhéanamh go díreach, agus ar na baill foirne a ceapadh i róil áirithe maidir le réimsí foirgneamh agus seirbhísí, cásanna ina ndéantar bainistíocht sa réimse sin féin ar chúrsaí earcaíochta.

Chomh maith leis na ceapacháin a ndearna an fhoireann Earcaíochta an obair riaracháin ina leith, d'eisigh foireann na gConarthaí 1,543 conradh i rith na bliana 2019-2020 maidir le ceapacháin nach n-áirítear le hEarcaíocht (postanna Taighde; téarmaí conartha a leasú; conradh a athnuachan). Is lú de 188 an líon sin ná líon na gconarthaí an bhliain roimhe.

Thug Foireann Athbhreithnithe Fheidhmíocht an Lucht Foirne Gairm 2018 maidir le hArdú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh chun críche i rith na bliana 2019-2020, 125 iarratas a rinneadh agus d'éirigh le 40 iarrthóir ardú céime a fháil. As an 40 ardú céime, bhain 27 le hardú go grád an Chomhollaimh, 10 gcinn le hardú go grád Ollaimh agus 3 cinn le hardú go grád Ollaimh (Cathaoir Phearsanta). Seoladh Gairm 2019 maidir le hArdú Céime an Aosa Léinn Shinsearaigh ar an 28 Bealtaine 2020 agus tabharfar an próiseas chun críche i rith na bliana 2020-2021.

I rith na bliana, chuir Coiste Dhul chun Cinn an Aosa Léinn Shóisearaigh 26 Ollamh Cúnta a bheadh ar Bhealach Tionachta faoi agallamh maidir leis an Athbhreithniú Deiridh Tionachta. D'éirigh le gach duine den 26 duine sin agus ar aontú an Bhoird leis, eisíodh na conarthaí buana. Chomh maith leis sin, d'fhógair Coiste Dhul chun Cinn an Aosa Léinn Shóisearaigh gairm ar an 15 Samhain 2019 d'iarratasóirí atá á gcoinneáil faoi láthair ag an teorainn tuillteanais maidir le dul faoi athbhreithniú; tháinig 84 iarratas. Bhí trí cinn de theorainneacha tuillteanais san áireamh leis an ngairm seo agus dátaí éagsúla maidir le réanna feidhme (i.e. 2017-2018, 2018-2019 agus 2019-2020) i ndáil le hiarratasóirí a raibh athbhreithniú maidir le teorainn tuillteanais dlite dóibh. As 84 iarratas, rinne an Coiste athbhreithniú ar 50 acu i rith na bliana 2019-2020 agus tá 80 athbhreithniú déanta faoin tráth seo.

I rith na bliana 2019-2020, tugadh Ardú Céime Lucht Foirne Clinice chun críche i mí Meitheamh 2020 tar éis tús a chur leis an obair ar an 29 Eanáir 2019. Seasca agus a hocht iarratas a rinneadh agus tugadh ardú céime do 41 iarrthóir, go ndearnadh Léachtóir Sinsearach Clinice as beirt, Comhollamh Clinice as 26 agus Ollamh Clinice as 13. Tá an obair maidir le Gairm na bliana 2020 ar siúl faoi láthair.

Bhí daoine den Fhoireann Shinsearach Bainistíochta AD ina mbreathnóirí maidir le leatrom de thimpiste i rith na gcéimeanna ar fad maidir le hEarcaíocht i gCathaoir agus leis na próisis maidir le hardú céime do dhaoine den Aos Léinn Sóisearach agus den Aos Léinn Sinsearach.

**Ollúna**

I rith na bliana 2019-2020, rinneadh i nDámh na nDán, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta an tOllamh le Spáinnis (1926) a cheapadh a chuaigh i mbun cúraim i mí Eanáir 2020. Ceapadh cúigear ollúna i nDán na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice (STEM) - chuaigh an tOllamh le Tíreolaíocht (1966) i mbun an chúraim i mí Deireadh Fómhair 2019, an tOllamh le Nanafótónaic Candamach i mí na Nollag 2019, an tOllamh le hInnealtóireacht Leictreonach (1980) i mí Márta 2020 agus i mí Lúnasa 2020 a thosaigh an tOllamh le Geolaíocht agus an tOllamh le Mianreolaíocht (1843) agus le hInnealtóireacht Mheicniúil (1980) i mbun a gcuid cathaoireacha féin. Rinneadh ceapacháin in dhá Chathaoir i nDámh na nEolaíochtaí Sláinte - chuaigh an tOllamh Edward Kennedy le Beartas agus Bainistíocht Sláinte (2002) i mbun cúraim i mí Aibreán 2020 agus an tOllamh Ellen Mayston Bates le Titeamaseolaíocht (2016) i mí Iúil 2020.

**Poist Shinsearacha Riaracháin**

Áirítear ar na ceapacháin a rinneadh i bPoist Shinsearacha Riaracháin i rith na bliana 2019-2020: Bainisteoir Cáis maidir le hAistriú Teicneolaíochta-Eolaíocht na Beatha, Bainisteoir Forbartha Taighde, Ceannasaí Oideachais, Bainisteoir Forbartha na gCuideachtaí Campais, Ceannasaí Maoirseachta maidir le hUrraíocht Clinice, Stiúrthóir Learnovate, Comhairleoir Sinsearach Dlí Clinice, Stiúrthóir an Mhoil Nuálaíochta, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Neamhacadúil (Cógaisíocht), Príomh-Oifigeach Priacail (Oifig Rúnaí an Choláiste), Dochtúir Teaghlaigh (páirtaimseartha 90%), Dochtúir Teaghlaigh (Lárionad Sláinte an Choláiste) Ceannasaí Cóiríochta & Maoin Tráchtála, Ceannasaí Ionaid Cuairteoirí (CRU), Leas-Cheannasaí Tograí Caipitil & Pleanála, Bainisteoir Cláir maidir le Tograí Straitéiseacha, Stiúrthóir Chlub Walton Choláiste na Tríonóide, Stiúrthóir Feidhmiúcháin CONNECT, Stiúrthóir Feidhmiúcháin (ADAPT), Bainisteoir Airgeadais an Ghrúpa, Bainisteoir Airgeadais Thionscadal TTEC, Bainisteoir Oibriúcháin, (Oifig an Phríomh-Oifigigh Oibriúcháin), Leas-Stiúrthóir Earcaíochta (Comhchaidreamh Domhanda), Leas-Stiúrthóir Páirtnéireachta (Comhchaidreamh Domhanda), agus Bainisteoir Forbartha Gnó (TBS).

**Forbairt**

Cuireadh 175 ócáid foghlama ar fáil i rith na bliana 2019-2020, le beagnach 3,000 rannpháirtí ar fud na gcatagóirí seo a leanas.

- Forbairt ar Scileanna Gairmiúla & Scileanna Pearsanta don uile bhall foirne
- Clár Forbartha d'Ollaimh Chúnta i rith Bhlianta 1 – 4
- Cláir Forbartha maidir le Ceannaireacht
- Bearta idirghabhála saincheaptha bunaithe ar mheithle ar fud na hOllscoile
- Bearta idirghabhála maidir le cumas, lena n-áirítear meantóireacht do dhaoine den lucht léinn, aiseolas 360-céim, bearta cóitseála
- Sraith maidir le Dea-bhail an Duine

De thoradh ar an athrú go dtí cianobair mar gheall ar COVID-19, d'athraigh an Mheitheal Foghlama agus Forbartha Eagraíochta (L&OD) go dtí córas ar líne maidir le cláir a chur ar fáil ó mhí Márta 2020 ar aghaidh le béim ar thionscnaimh dianseasmhachta agus ar dhea-bhail an duine d'fhonn freastal ar riachtanais na mbainisteoirí agus an lucht foirne maidir le dea-bhail agus le scileanna de réir mar a bhíothas ag dul in oiriúint don chianobair i gcúinsí géarchéime. Eagraíodh níos mó ná 70 imeacht maidir le dea-bhail an duine faoi cheisteanna maidir le seasmhacht phearsanta, comhbhá, déileáil le strus agus eile. Cuireadh léaráid eolais maidir le Ceannaireacht i rith Géarchéime le chéile do bhainisteoirí chomh maith le de chláir taca d'fhonn forfheabhsú ar scileanna agus meitheal cleachtais a chruthú do bhainisteoirí.

Eagraíodh tionscnaimh nua forbartha chomh maith le feabhas a chur ar bhearta a bhí ar siúl cheana:

- Rinneadh Clár Forbartha maidir le Ceannaireacht Straitéiseach do Bhainisteoirí Riaracháin na Scoileanna a leagan amach i gcomhar leis an ngrúpa. Sheol an Leas-Phropast/an Lár-Oifig Iontrála an clár a raibh moladh air.
- Clár Forbartha Aurora maidir le Ceannairí Mná - Cuireadh leis an infheistíocht ionas gur féidir 24 ionad a thairiscint, 12 ionad sa bhreis ar a mbíodh ar fáil roimhe seo agus sin d'fhonn freastal don éileamh i measc an phobail. Cuireadh leis an gclár le sraith de bhearta cúnta de chuid Choláiste na Tríonóide d'fhonn pobal rannpháirtithe i gColáiste na Tríonóide a chruthú chomh maith le spás ina bhféadfaí cuspóirí proifisiúnta agus pearsanta maidir leis an gclár a leagan amach agus a bhreithniú agus deiseanna leanúnacha an lón foghlama a scaipeadh agus a dhaingniú.
- Cuireadh forfheabhas ar an gcúrsa ionduchtúcháin don Cheann Scoile ionas go dtugtar san áireamh cur chuige staidéar cáis maidir le gnáis AD, aireachas agus oiliúint maidir le ceannaireacht tar éis aiseolas a chuir rannpháirtithe roimhe seo ar fáil.
- Tugadh uirlisí síciméadracha nua, Insights agus Disc, isteach ar bhonn píolótach d'fhonn feabhas a chur ar chúrsaí cumarsáide i saol ciancheangail.
- Seoladh ócáid comhchaidrimh nua do thaighdeoirí mar chomóradh ar Oíche Thaighde na hEorpa.
- Cuireadh an cúrsa ionduchtúcháin bliantúil trí lá do bhaill nua den fhoireann acadúil ar fáil i bhformáid cumaisc den chéad uair riamh.

### Foghlaim Ar Líne

Leanadh de LinkedIn Learning a úsáid agus tá níos mó ná 5,000 á úsáid faoi seo. Baineann gné den fhoghlaim cumaisc leis na scileanna gairmiúlachta ar fad, agus sin mar réamhchoinníoll leis na cláir a fhreastal. Chothaigh L&OD caidreamh le heagraíochtaí uile na mac léinn agus seoladh feachtas tuisceana ar fud an Choláiste d'fhonn cur leis an aird agus leis an tuiscint ar an mbuntáiste atá le LinkedIn Learning. Leantar de Vitae a chur ar fáil don uile dhuine den fhoireann acadúil agus den fhoireann taighde agus dóibh siúd atá ceangailte le gnóthaí taighde mar thairseach suntasach acmhainní ar líne.

### Riarachán Éifeachtúil

Tá le háireamh ar phríomhchuspóirí na Roinne AD go gcinntítear go bhfuil próisis AD i bhfeidhm atá éifeachtúil, éifeachtach agus furasta a úsáid. Tar éis forfheabhsú a dhéanamh ar an gcóras AD CORE sa bhliain 2019, táthar ag obair faoi láthair ar mhínchóiriú agus ar chaomhchóiriú ar na próisis AD ar fad. Is obair leanúnach í sin a leanfaidh ar aghaidh go ceann roinnt blianta.

Ar na próisis a bhfuil an obair sin ina leith tugtha chun críche agus atá á gcur ar fáil don fhoireann ar fad, áirítear iad seo a leanas: Claochlú ar an gCóras Earcaíochta, polasaí agus gnás oibre nua tugtha chun cinn agus iad ar fáil ar líne. Is scéimeanna Sábháil Cánach agus Rothaíocht chun na hOibre ar féidir le daoine cur isteach orthu gach mí anois seachas faoi dhó sa bhliain. Rinneadh Foireann Uirlisí Bainistíochta a fhorbairt agus a chur ar fáil don uile bhainisteoir. Tá polasaí maidir le pá mífhoirmeálta tugtha chun cinn agus á chur in iúl faoi láthair ar fud na hOllscoile.

Ar na próisis a bhfuiltear ag obair orthu, tá caomhchóiriú ar an bpróiseas promhaidh, foréileamh foirne agus taifeadadh leictreonach maidir le saoire. Is próiseas leanúnach an próiseas feabhsúcháin maidir leis na próisis AD.

**Comhchaidreamh le Fostaithe**

Cead Cainte don Fhostaí: Rinne Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide Suirbhé COVID dar teideal Stay Together and Stronger don lucht foirne agus do na mic léinn a leagan amach agus a eagrú i gcomhar le hAcmhainní Daonna i lár na bliana 2020. Baineadh leas as lón eolais agus léargais ón suirbhé i ndáil leis an gcur chuige maidir le dea-bhail an lucht foirne agus le tionscnaimh a chur in ord tábhachta.

Aitheantas: Cuireadh 304 ainmniúchán chun cinn maidir le naoi gcinn de ghradaim ar fud trí cinn de chatagóirí i ndáil le Gradaim an Phropaist do Bhaill Foirne Ghairmiúla. Is iad na catagóirí sin: Ceannaireacht an Duine Aonair, Comhghleacaí Sármhaith agus Cur le Saol Choláiste na Tríonóide. Rinneadh ceiliúradh ar na buaiteoirí ag searmanas na ngradam ag a raibh daoine dá dteaghlaigh i láthair chomh maith leis na daoine a d'ainmnigh iad.

Rinneadh Clár Eolais AD ar leibhéal na hOllscoile agus ar leibhéal Oibriúcháin AD a chur le chéile agus a scaipeadh gach mí ar an Lucht Bainistíochta Sinsearach ionas go mbeadh léargas forghinearálta ar an mbeartaíocht agus ar líon na foirne i réimsí faoi leith agus ar fud na hOllscoile.

D'oibrigh AD le hAonad Cumarsáide Choláiste na Tríonóide ar thionscadal maidir leis an gcumarsáid inmheánach lena mbaineann uirlis cumarsáide inmheánach ar a dtugtar an 'Weekly Wrap'. Tá de chuspóir leis an Weekly Wrap an lucht foirne ar fud na hOllscoile a choinneáil ceangailte lena chéile agus ar an eolas faoina bhfuil ar siúl. Cuireadh tús leis an mbeartaíocht seo mar thionscadal píolótach i Roinn na Seirbhísí Corparáide agus táthar anois á chur i bhfeidhm ar fud na hOllscoile.

Ba ghnóthach an bhliain arís í ag an bhfoireann AD ag cur comhairle sárchleachtais, cúnamh taca agus cóitseáil ar fáil do phobal an Choláiste maidir le déileáil le ceisteanna maidir le daoine. Chuir an fhoireann dlús breise leis an gcaidreamh le hionadaithe ceardchumainn, le ceannasaithe agus le bainisteoirí d'fhonn timpeallacht oibre agus staidéir a chinntiú don lucht foirne agus do na mic léinn atá comhchuí tairbheach.

Mar gheall ar COVID-19, níor fhéad an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre oibriú ar feadh 3-4 mhí idir Márta-Meitheamh 2020. Dá ainneoin sin, rinne an fhoireann ionadaíocht thar ceann na hollscoile maidir le cúiseanna aonair agus cúiseanna comharghrúpa ag ceithre cinn de Chomhdhálacha Idir-réitigh de chuid an Choimisiúin, cúig cinn d'éisteachtaí le hOifigeach Breithniúcháin, sé cinn d'éisteachtaí os comhair na Cúirte Oibreachais agus aon phróiseas amháin maidir le Cuairteoir san Ollscoil i rith an ama seo. Chomh maith leis an méid sin, chuidigh an fhoireann, le Bainisteoirí/Ceannasaithe i ndáil le próisis gearáin agus araíonachta.

## 7. Tionscnaimh na hOllscoile agus Mórimeachtaí

Tharla tionscnaimh nua de chuid Choláiste na Tríonóide agus mórócáidí suntasacha i rith na bliana acadúla 2019-2020.

Ar an 12 Márta 2020, rinneadh ollscoileanna agus scoileanna uile na hÉireann a dhúnadh, ar ordú an Rialtais, mar chuid de na srianta a tugadh i bhfeidhm mar gheall ar phaindéim COVID-19. Rinne Coláiste na Tríonóide beart dá réir go luath-thobann. Athraíodh go dtí córais ar líne maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim, le cruinnithe, bronnadh na gcéimeanna agus ócáidí eile. Tráth arbh iomaí deacracht a bhí le sárú, léirigh pobal an Choláiste an seasamh atá iontu in ainneoin na héiginnteachta agus an tsíorathraithe.

I dtús na paindéime, cruthaíodh leathanach gréasáin COVID-19 do lucht an Choláiste, do mhic léinn ionchais agus don phobal i gcoitinne ar ar foilsíodh Ceisteanna Coitianta agus scéalta nuachta go rialta chomh maith le deasc cabhrach faoi leith a chur ar bun maidir le ceisteanna ar an ríomhphost. Chuir Seirbhísí na Mac Léinn láithreán le chéile freisin ar ar leagadh amach Cúnamh COVID-19 do Mhic Léinn.

Is iomaí duine de lucht foirne Choláiste na Tríonóide a bhí páirteach ag cur lón eolais ar fáil maidir le cinntí Rialtais agus ag cur a gcuid saineolais ar fáil ar an teilifís, ar an raidió agus ar na meáin shóisialta. Tá baill eile den fhoireann ina gcomhaltaí príomhthábhachta ar choistí náisiúnta den suntas i mbun cinntí tromchúiseacha a dhéanamh, mar shampla an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí, Fóram Cheannairí an Lucht Leighis arna chur ar bun ag an bPríomh-Oifigeach Leighis nó an Coiste Náisiúnta um Eitic Taighde maidir le COVID-19, agus tuairiscíocht á dhéanamh leis an Aire Sláinte. I ndeireadh mhí Márta, cuireadh ionad lorgaireachta de chuid FSS ar bun sa Tangent i Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide. Chuir daltaí airm de chuid Óglaigh na hÉireann oiliúint ar dhaoine de chuid Choláiste na Tríonóide a thairg oibriú i mbun an chúraim ar bhonn deonach.

D'oibrigh grúpaí éagsúla i ndáil le torthaí na Paindéime agus an cur isteach ar ghnóthaí feidhmiúcháin i gColáiste na Tríonóide agus leis an bpleanáil d'fhilleadh de réir a chéile ar an ngnáthbheartaíocht, mar shampla an Grúpa Oibre maidir le Filleadh de réir a chéile ar Bheartaíocht ar an gCampas, an Grúpa Oibre maidir le Bainistíocht ar Thromchásanna Éigeandála, an Grúpa Oibre maidir le COVID-19, an Grúpa Oibre maidir le Filleadh in athuair ar an Teagasc, agus eile.

I bhfianaise nach raibh a fhios cé na srianta a bheadh i bhfeidhm ag an Rialtas faoi dheireadh mhí Meán Fómhair nuair a bheadh tús le cur le teagasc sheimeastar 1, tháinig pleanáil i gceist le hobair na gcoistí seo i ndáil le cásanna samhalta de na cineálacha seo a leanas: (1) cumasc idir teagasc ciancheangail agus teagasc ar aon láthair le haird ar threoirlínte maidir le scaradh 2m nó 1m óna chéile (2) deireadh le srianta maidir le scaradh óna chéile i riocht is go bhféadfaí teagasc ar aon láthair a dhéanamh go hiomlán nó gar go maith dó sin, agus (3) ráig eile den víreas a d'fhágfadh gur ghá athrú go dtí teagasc ciancheangail go hiomlán.

I rith na Paindéime, bhí barrthábhacht le haire do shláinte colainne agus mheabhrach an lucht foirne agus na mac léinn. Cuireadh tionscnaimh éagsúla chun tosaigh, imeachtaí/seimineáir mar a bheadh i gCafé na Tríonóide, seisiúin ar mhaithe le dea-bhail an duine, agus réimse leathan lón eolais agus comhairle arna chur ar fáil ag AD, an tSeirbhís Chomhairleoireachta, an tSeirbhís Sláinte, Seirbhísí na Mac Léinn, Seirbhísí TE agus seisiúin aclaíochta arna leagan amach lá i ndiaidh an lae ag Seirbhís Spóirt Choláiste na Tríonóide.

Dhá lá roimh shrianta mar gheall ar COVID-19 a theacht i bhfeidhm ar an 10 Márta 2020, seoladh Plean Straitéise 2020 – 2025 Choláiste na Tríonóide. Tarlóidh faoin bplean cúig bhliana dar teideal Pobal agus Ceangal a bhfuil i ndán don Ollscoil a thabhairt chun cinn ar mhaithe le muintir na hÉireann agus leis an domhan ar fad. Tá d'aisling leis an bplean go gcothóidh Coláiste na Tríonóide pobal léinn, taighde agus scoláireachta idircheangailte ar fud an domhain agus go spreagfar na glúnta i mbun réimsí dúshláin a linne a shárú. Bainfidh beartaíocht chathartha le misean lárnach Choláiste na Tríonóide le teagasc, taighde agus caidreamh leis an bpobal; taighde ceannródaíochta á dhéanamh i réimsí faoi leith agus idir réimsí éagsúla; agus oideachas trína gcothaítear smaointeoireacht neamhspleách, cumarsáid éifeachtúil, gníomh stuama agus forbairt leanúnach sa mhac léinn.

Rinneadh Máire Mhic Ghiolla Íosa, iar-Uachtarán na hÉireann, a insealbhú ina Seansailéir nua na hOllscoile ag searmanas speisialta i mí na Nollag 2019 agus bhí sí i gceannas an dara cuid den ócáid sin ar an gcéad searmanas dá cuid maidir le céim onórach a bhronnadh agus le céimeanna dochúireachta a bhronnadh ar mhic léinn PhD de chuid Choláiste na Tríonóide. Is fada ceangal ag an Ollamh Mhic Ghiolla Íosa le Coláiste na Tríonóide a bhí i bpost Ollamh Reid leis an Dlí Coiriúil, Coireolaíocht agus Pionóseolaíocht idir na blianta 1975 agus 1987 agus a bhí páirteach i gcuid mhór imeachtaí agus tionscnaimh de chuid na hOllscoile ó shin i leith.
I mí Meán Fómhair 2019, seoladh Tangent, Spás Smaointeoireachta Choláiste na Tríonóide agus osclaíodh ionad nuálaíochta nua de scoth na linne atá lonnaithe i Scoil Ghnó nua Choláiste na Tríonóide. Beidh teacht ansin ar bhearta cúnta agus ar chláir oideachais uile Choláiste na Tríonóide ar mhaithe leis an nuálaíocht agus, an ní is tábhachtaí, an spás ar fáil ag na mic léinn ar fad, ag céimithe,

lucht fiontraíochta agus lucht nuálaíochta. Tugadh dearadh faoi leith ar an ionad ionas go gcothaítear an chruthaitheacht sa smaointeoireacht, le spásanna sochóirithe oibre agus ionad ócáidí ionas gur féidir oibriú i gcomhar agus an nuálaíocht a thabhairt chun cinn.

D'aontaigh lucht pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2019 le Ceárta Foghlama E3, forbraíocht mhórshuntais atá lárnach maidir le E3- Innealtóireacht, Comhshaol agus Teicneolaíocht de chineálacha nua atá ag teacht chun cinn i gColáiste na Tríonóide. Ciallaíonn sin go mbeidh 1,800 ionad breise ar fáil ag mic léinn Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice, ní is ionann le hardú aon tríú in imeacht deich mbliana ar líon na mac léinn STEM i gColáiste na Tríonóide.

Cheap Coláiste na Tríonóide an tOllamh Clodagh Brook ar an gcéad Leas-Phropast Comhlach de chuid na hOllscoile maidir le cúrsaí Comhionannais, Ileágsúlachta agus Lánpháirtíochta i mí na Samhna 2019. Leis an ról nua beidh abhcóidíocht á dhéanamh go feiceálach agus go seasta ar mhaithe le cúrsaí comhionannais, iléagsúlacht agus lánpháirtíochta ar fud na hollscoile agus cúnamh taca á chur ar fáil do na scoileanna agus do na haonaid riaracháin maidir le bearta dá gcuid féin a thabhairt chun cinn ar mhaithe leis na mic léinn agus leis an lucht foirne.

I mí Eanáir 2020, d'fháiltigh Coláiste na Tríonóide roimh chinneadh an Rialtais seasamh le Ceantar Nuálaíochta Dhug na Mórchanála a fhorbairt i mBaile Átha Cliath. Ciallaíonn aontú an Rialtais leis gur gaire do thabhairt na haislinge i gcrích atáthar maidir leis an gcampas nua nuálaíochta a bhfuil Coláiste na Tríonóide i gceann an róid ina leith agus a chuir an Taoiseach i láthair den chéad uair i mí Iúil 2018. Tá straitéis agus treochlár soiléir sa tuarascáil a foilsíodh i mí Eanáir lena gcuirtear bonn daingean faoi fhorbairt agus thabhairt chun cinn an cheantair seo ionas go gcinntítear go mbíonn ceantar nuálaíochta ar fáil in Éirinn atá inchomórtais le scoth an domhain.

Rinne meitheal éíceolaithe as Coláiste na Tríonóide iniúchadh bithéagsúlachta ar feadh na bliana 2019 ag Áras an Uachtaráin. Rinne an mheitheal áireamh ar an éagsúlacht maidir le gnáthóga agus le speicis ar fud achar 130 acra. Saineolaí de chuid Choláiste na Tríonóide, an tOllamh Jane Stout, a stiúraigh an tionscadal le foireann saineolaithe tacsanomaíochta ar a n-áirítear an Dr Ruth Kelly (plandaí); an Dr Paul Dowding (fungais); an Dr Stephanie Maher (feithidí); an Dr Aoibheann Gaughran (mamaigh); an tUasal Cian White (éin agus feithidí); agus an tUasal Collie Ennis (reiptílí agus amfaibiaigh).

I mí na Nollag 2019, d'fhógair an Taoiseach Leo Varadkar TD cistíocht €2.5 milliún de chuid an Rialtais maidir le tionscadal taighde ar a dtugtar Ó 2022 Amach: Taisce Taifead Fhíorúil na hÉireann. Togra comharoibre uile-oileáin agus idirnáisiúnta seo faoi cheannródaíocht Choláiste na Tríonóide trína bhfuil athchruthú digiteach á dhéanamh ar thaifead staire seacht gcéad bliain Oifig Thaifid Phoiblí na hÉireann ar tharla a scrios nuair a cuireadh na Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath trí lasadh ag tús Chogadh na gCarad.

I mí na Nollag freisin, d'eagraigh Coláiste na Tríonóide an chéad Mhargadh Nollag ar an gcampas do phobal an Choláiste. Eagraíodh 'Margadh na Féile Michíl' ag an Campanile ar an bhFaiche Tosaigh le hearraí lámhdhéanta agus bronntanais Nollag á ndíol ag mic léinn, daoine den fhoireann agus céimithe. Bhí siamsaíocht de chineálacha tráthúla á cur ar fáil ag Cumann Cantairí Ollscoil Bhaile Átha Cliath, cór Ghlórtha Iléagsúla an Choláiste agus an Walkulele Band.

Fógraíodh an mhí chéanna cistí suntasacha maidir le Bailiúchán Fagel na hÍsiltíre i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a chaomhnú. Leis an gcomhpháirtíocht Eorpach seo idir an Leabharlann agus KB, Leabharlann Náisiúnta na hÍsiltíre, tá deis oscailte á thabhairt ar cheann de na leabharlanna nua-aimseartha is tábhachtaí san Eoraip.

I mí Eanáir 2020, d'fhógair UPS agus Coláiste na Tríonóide comhar páirtnéireachta cúig bhliana d'fhonn seifteanna seachadta den inmharthanacht a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath. Faoin gcomhar nua páirtnéireachta seo, seolfar dhá thionscnamh ar champas Choláiste na Tríonóide i lár na cathrach. Tá mol cathrach pacáistí UPS mar a bheadh ionad beag dáiliúcháin ann maidir le seachadadh pacáistí a dhéantar anois a dháileadh ar bhonn na gcos agus ar rothair leictreacha lastais UPS agus tá mol pacáistí ar an gcampas inar féidir le daoine pacáistí dá gcuid a bhailiú.

I mí Feabhra 2020, sheol Brendan Ward, Ambasadóir na hÉireann chun na hIndia, Oifig India Choláiste na Tríonóide go foirmeálta. Tá an oifig suite in Óstán an Taj Palace i lár New Delhi. Féadann mic léinn ionchais agus daoine dá muintir bualadh le baill foirne de chuid Choláiste na Tríonóide san oifig. Is ionad neamhfhoirmeálta an oifig freisin ag dream céimithe de chuid Choláiste na Tríonóide sa réigiún.

Chuir an Propast agus Sandeep Kumar, Ambasadóir na hIndia chun na hÉireann, crann den chineál Trachycarpus fortunei, a cheaptar leis an tsíocháin, ar an gcampas i mí na Nollag 2020 mar cheiliúradh ar chothrom 150 bliain ó rugadh Mahatma Gandhi.

Tharla ceiliúradh deich mbliana ó cuireadh Mol an tSeomra Fada ar bun mar fhoras taighde ardsuntais trí aird a dhíriú ar an tairbhe a bhíonn ó na Dána agus na Daonnachtaí maidir le díospóireacht phoiblí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

I mí na Samhna, rinneadh ceiliúradh ar 50 bliain ó cuireadh Eolaíocht Ríomhaireachta ar bun mar réimse léinn i gColáiste na Tríonóide. Mar chuid den cheiliúradh, tháinig taighdeoirí, ionadaithe an lucht tionsclaíochta, céimithe agus mic léinn Eolaíocht Ríomhaireachta an lae inniu le chéile ag ócáid Open House ag a raibh seantrealamh ríomhaireachta ar taispeáint as bailiúchán an Ollaimh John Byrne, nach maireann.

Rinneadh ceiliúradh ar 50 bliain de Naíolann Lae Choláiste na Tríonóide i mí na Nollag. Seo é an chéad naíolann in Éirinn a cuireadh ar bun san ionad oibre. Mar cheiliúradh ar an ócáid, eagraíodh ócáid chomórtha i dTeach an Leasrí ag a raibh fáilte roimh thuismitheoirí agus roimh bhaill foirne an lae inniu agus an am atá caite, chomh maith le cuid mhór leanaí a raibh sceitimíní orthu a bheith i láthair.

**Bearta Inmharthanachta**

Rangaíodh Coláiste na Tríonóide ar an 14ú ollscoil is fearr ar domhan maidir le Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe ar liosta an Times Higher Education maidir le Tionchar Ollscoile in Aibreán 2020, tar éis a rangú ar an 5ú áit maidir le Sprioc 11: Cathracha agus Comharsanachtaí Inbhuanaithe agus ar an 6ú áit maidir le Sprioc 10: Éagothromaíocht a Mhaolú.

Bronnadh an Gradam don Champas Glas is Fearr ar Choláiste na Tríonóide ag searmanas na nGradam Oideachais i mí Feabhra 2020 mar gheall ar an dúthracht tréan maidir le tionchar chun sochair maidir leis an timpeallacht agus tairbhe a dhéanamh i ndáil le cúrsaí inmharthanachta don am atá romhainn.

Áirítear ar na bearta príomhthábhachta eile a baineadh amach maidir le cúrsaí inmharthanachta, bainistíocht agus forfheabhsú a timpeallachta:

- I mí Eanáir 2020, d'eagraigh Coláiste na Tríonóide pobalbhreith i measc phobal an choláiste agus an phobail i gcoitinne d'fhonn teacht ar chinneadh maidir le bláthanna fiáine a chur in ionad fhaichí tosaigh Choláiste na Tríonóide. Ghlac 13,850 duine páirt sa phobalbhreith sin agus rinneadh dá thoradh bláthanna fiáine a chur trasna fhaichí tosaigh seachtracha na hollscoile i mí Iúil 2020
- D'éirigh thar cionn le tionscnamh 'Traipisí nó Taisce' trínar bailíodh earraí dara láimhe ó suas le 2,000 mac léinn cónaithe an tráth a rabhthas ag fágáil an choláiste ag deireadh na bliana agus rinneadh iad a athdhíol leis na mic léinn a tháinig isteach i mí Meán Fómhair 2019. Rinneadh ar an gcaoi sin 450 m2 d'earraí a thabhairt óna loisceadh

Rinneadh trí cinn eile d'fheachtais a rith ina raibh cead cainte ag an lucht foirne agus ag na mic léinn maidir leis an modh ina ndéanfaí tograí inmarthanachta a mhaoiniú:

- Aon vóta amháin = aon bhleibín amháin, vóta chun treisiú le bithéagsúlacht ar fud an Champais trínar tugadh gur cuireadh 2,170 bleibín atá oiriúnach do phailneoirí.
- Decide the Debate, vóta maidir le rún díospóireachta maidir le cúrsaí inmharthanachta agus na cainteoirí a dtabharfaí cuireadh dóibh. Ar na hábhair a bhí i gceist, bhí Faisean Tobdhéantúsaíochta, Feirmeoireacht Beithíoch in Éirinn, Freagracht an Duine v. Freagracht an Phobail.
- Dúshlán Nuálaíochta an Phropaist 2020, socrú ar an gceist inmharthanachta ar a leagfar béim agus ar a ndíreofar le nuálaíocht agus fiontraíocht Choláiste na Tríonóide.
- Rinneadh níos mó ná 450 crann agus 5,050 bleibín bláthanna atá oiriúnach do phailneoirí a chur ar fud champais na hOllscoile i rith na bliana acadúla 2019-2020.
- Cuireadh clár Chrann Seasta Inmharthanachta an Lucht Cónaithe ar bun d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh taobh istigh de na seomraí ar an gcampas a chur chun cinn.
- Cruthaíodh Polasaí agus Treoirlínte maidir le Soláthar Inmharthanachta trína gcuirfear chun cinn gnáis ceannacháin atá fabhrach maidir leis an timpeallacht taobh istigh den Ollscoil, rud de chineál nua in Éirinn.
    - Sa bhliain 2019, baineadh amach na bearta inmharthanachta seo a leanas i gColáiste na Tríonóide ainneoin ardú ar líon na mac léinn agus fairsingiú ar achar na bhfoirgneamh i rith na bliana - 32% d'fheabhas maidir le feidhmíocht fuinnimh, ísliú 45% maidir le húsáid uisce, ráta athchúrsála 49.8%, maolú 56.7% maidir le húsáid páipéir, cúrsa ionduchtáin maidir le ceisteanna inmharthanachta don uile ball nua foirne agus do 86% de mhic léinn céad bhliana

# 8. An Clár Forbartha Caipitil

## 8.1 Tograí

**Faiche Theach na Clódóireachta – Lóistín do Mhic Léinn**

Cuireadh an obair thógála maidir le háras nua lóistín do mhic léinn Choláiste na Tríonóide ar Shráid an Phiarsaigh, le 250 seomra leapa, ar athló mar gheall ar shrianta maidir le COVID-19. Bhí leagtha amach ar dtús go dtabharfaí an obair chun críche faoi shamhradh na bliana 2021. Beidh cóir á dhéanamh freisin sheirbhísí na mac léinn, d'Aonad Sláinte nua agus d'Áiseanna Spóirt.

Fuarthas cead pleanála, faoin gcóras pleanála nua d'Fhorbraíocht Straitéiseach Tithíochta, don togra nua maidir le lóistín do mhic léinn, ina mbeidh spás do 360 leaba, i Halla na Tríonóide, Dartraí, agus tá próiseas maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar siúl ina leith faoi láthair.

**Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide**

Tugadh an togra €80m seo chun críche de réir an tráthchláir agus de réir an bhuiséid ionas go bhfuil Scoil Ghnó nua fairsingithe agus Mol Nuálaíochta agus Fiontraíochta ar fáil ar Shráid an Phiarsaigh agus seansuíomh Halla Luce (mar a mbíodh Ionad Spóirt) á úsáid lena aghaidh chomh maith. Cuireadh bealach nua isteach ar fáil freisin de Shráid an Phiarsaigh, agus 'The Forum', bialann gheal nua ina bhfuil áit suite ag 200 duine. Tagann i gceist freisin leis an tionscadal, ina bhfuil achar 14,000 méadar cearnach, halla éisteachta 600 suíochán, 24 seomra leapa do mhic léinn, spás poiblí inar féidir le mic léinn bualadh le chéile agus smaointe a phlé, seomraí ranga 'cliste' leis an teicneolaíocht is nuaí agus seomra comhdhála, Seomra Boird nua Choláiste na Tríonóide.

**Ceárta Foghlama E3 Martin Naughton**

Cheap Coláiste na Tríonóide Feildon Clegg Bradley, ailtirí a bhfuil cáil go hidirnáisiúnta orthu, i mbun an togra seo. Fuarthas cead pleanála ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don fhoirgneamh nua maidir le hInnealtóireacht, Comhshaol agus Cineálacha nua Teicneolaíochta. Beidh tús á chur anois leis an bpróiseas tairisceana agus tabharfar sin chun críche faoi earrach na bliana 2021. Beidh roinnt blianta i gceist leis an obair thógála féin a thabhairt chun críche, lena ngabhann obair athchóiriúcháin freisin ar spásanna folmha i réimsí éagsúla den champas.

**Gnéithe Comhshaoil, Infreastruchtúr Leictreachais, Úsáid Spáis agus tograí eile**

Tugadh togra dar luach €9m i gcrích i rith na bliana, de réir an tráthchláir agus an bhuiséid, chun cur leis an uasmhéid leictreachais is féidir a thabhairt isteach chuig an Ollscoil agus chun na córais soláthair éagsúla ar fad a chumasc in aon chóras amháin. Tá an córas sin i bhfeidhm go hiomlán anois agus déanfar an ceangal deireanach, le Faiche Theach na Clódóireachta, i ndeireadh na bliana 2021. Leantar le tograí cothabhála tábhachtacha agus le tionscnaimh maidir le bainistíocht fuinnimh ar fud an champais agus tá tograí eile á mbeartú (ach cistí a bheith ar fáil lena n-aghaidh), d'fhonn a chinntiú gur féidir timpeallacht shláintiúil shábháilte a chur ar fáil sa Choláiste agus na caighdeáin ardleibhéil maidir le timpeallacht foirgníochta an Choláiste a fheabhsú agus a choinneáil i gcaoi mhaith.

Tá bearta éagsúla maidir le húsáid spáis á bpleanáil d'fhonn an leas is fearr a bhaint as fearann an Choláiste. Tugadh athchóiriú ar spásanna poiblí i bhFoirgneamh na nEalaíon chun críche de réir an tráthchláir agus an bhuiséid. Fágann sin troscán agus bailchríoch nua-aimseartha atá cóiriúil ag spás coiteann foghlama ar fáil inar féidir leis na mic léinn feidhmiú in éineacht. Tá Coláiste na Tríonóide tugtha don chóiríocht is fearr is féidir a chur ar fail do na mic léinn agus leantar den obair ar chlár athchóiriúcháin ar fud an champais, lena n-áirítear togra le suntas faoi leith d'fhonn athchóiriú a chur ar na Rúibricí, a tógadh 320 bliain ó shin, agus ar

Theach an Ard-Stíobhaird. Tá cead pleanála faighte maidir leis na Rúibricí agus Teach an Ard-Stíobhaird agus beidh tairiscintí á n-iarraidh go gairid i leith na hoibre sin.

Fuair Coláiste na Tríonóide an cead pleanála maidir le hathfhorbairt na Seanleabharlainne agus leanadh den obair i gcomhar le comhlacht ailtireachta Heneghan Peng, an obair dearthóireachta san áireamh maidir leis an taispeántas nua agus na hoibreacha tosaigh maidir leis an Taisce. Tá obair feabhsúcháin den mhórthábhacht ar an tSeanleabharlann i gceist leis an togra seo d'fhonn a chinntiú go gcaomhnaítear ceann de na foirgnimh is breátha ón mbliain 1712 agus go gcruthaítear timpeallacht atá oiriúnach do na bailiúcháin shainiúla.

Chomh maith leis an méid sin, fuair an Ollscoil an cead pleanála don chéad fhoirgneamh 'luathbheartaíochta', maidir leis an gcéim réamhfhorbartha i ndáil le Campas Thoir Choláiste na Tríonóide agus iarrfar tairiscintí maidir leis an togra sin i rith na bliana 2021.

## 8.2 Caomhnú Fuinnimh

30.6 milliún kWh leictreachais a ídíodh i bhfoirgnimh Choláiste na Tríonóide i rith na bliana 2019-2020 (laghdú 7% i gcomórtas leis an mbliain 2018- 2019) agus beagán le cois 43 milliún kWh de ghás nádúrtha (laghdú 2% i gcomórtas leis an mbliain 2018-2019).

Ba bhliain faoi leith an bhliain 2020 lena raibh de chur isteach ar chúrsaí ag COVID-19. I lár mhí Márta 2020, athraíodh go dtí teagasc ciancheangail nó modh cumaisc teagaisc i ndáil leis an gcuid is mó den mhúinteoireacht. Tharla ísliú ríshuntasach ar leibhéal na húsáide i roinnt de na foirgnimh dá bharr sin i ndeireadh an earraigh agus i dtús an tsamhraidh. De réir mar a bhí céimeanna éagsúla de na srianta sóisialta á gcur dínn sa tír, tháinig ardú ar leibhéal na húsáide de réir mar a bhíothas ag freastal do shocruithe nua. Bhí foirgnimh áirithe a mb'éigean feidhmiú iomlán na gcóras iontu ainneoin teorainn le líon na ndaoine agus scaipeadh leathan orthu.

Bhí gá le uaireanta fada a chloig d'oibriú na gcóras aerála ag teacht leis an treoir sábháilteachta agus gá freisin le síneadh a chur le huaireanta oscailte agus oibre i leabharlanna agus i saotharlanna éagsúla. Dá thoradh sin ar fad, is ríbheag an t-athrú maidir le hídiú fuinnimh a bhain le foirgnimh agus le hionaid áirithe.

Maidir le hídiú leictreachais a tháinig an t-ísliú ba mhó ó tharla ceangal níos dlúithe idir sin agus líon na ndaoine. Ba léir ísliú áirithe maidir le téamh. Bhí foirgnimh éagsúla ar ghá na córais a choinneáil ag obair iontu mar gheall ar obair bhunriachtanach líon beag mac léinn agus ball foirne. Cuireadh síneadh leis na huaireanta oibre go minic agus, ar ndóigh, ba ghá a chinntiú nach dtarlódh díobháil d'fhoirgneamh mar gheall ar theocht íseal.

Is í seo an chéad bhliain a bhfuil le tuairisciú nár baineadh úsáid as aon ola ar mhaithe le teas. Cuireadh deireadh le húsáid as an gceann deireanach de na coirí beaga ola i rith na bliana 2019.

Tugadh tograí éagsúla chun críche i rith na bliana ar mhaithe le feabhas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, iad seo a leanas ina measc:

- Ar an bpríomhchampas, rinneadh iarfheistiú cuimsitheach maidir le córais fuinnimh in Áras Moyne, le forfheabhsú ar shoilse LED, caidéal teasa aerfhoinse a chur in ionad coire gáis agus fuinneoga a athrú agus meastar go dtiocfaidh 113,000 kWhr de shábháil in aghaidh na bliana dá bharr sin.
- Ríomhairí pearsanta a thabhairt amach as botháin shealadacha agus a n-aistriú go dtí foirgneamh dea-inslithe le seirbhísí maithe, tháinig 68,000 kWhr sa bhliain de shábháil dá thoradh sin.
- Fuaraitheoir a athrú agus tiomántáin il-luais a chur i bhfearas maidir le caidéil éagsúla in Institiúid Choláiste na Tríonóide maidir le Míochaine Aistritheach in Ospidéal San Séamus agus meastar go dtiocfaidh 370,000 kWhr de shábháil in aghaidh na bliana dá bharr sin.
- Tá toradh ar an toirt i gcónaí ar chláir oibre maidir le soilse LED a chur in ionad soilse de chineálacha níos sine.

Leanadh i rith na bliana den obair ar thogra Fhaiche Theach na Clódóireachta. Mar a luaitear i dtuarascálacha roimhe seo, beidh lóistín do mhic léinn á chur ar fáil san áras seo le spás do 249 leaba, Ionad Sláinte na hOllscoile, Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas, áiseanna spóirt agus spás d'Áiseanna agus do Sheirbhísí. Beidh na coinníollacha maidir le caighdeán NZEB á sásamh leis an bhforbraíocht seo agus beidh chomh maith an obair thógála á déanamh ar chaighdeán sárfheabhais BREEAM. Tagann réimse leathan de na príomhghnéithe maidir le cúrsaí inmharthanachta faoi scáth chaighdeán BREEAM. Beidh an fhoirgneamh nua ríshuntasach maidir le rún daingean na hOllscoile campas a chur ar bun lena mbaineann inmharthanacht ó thaobh na timpeallachta. Beidh cuid mhór insliúcháin i gceist, soilse de chineál LED amháin ar fud an fhoirgnimh ar fad, córas fótavoltachais feistithe ar an díon, córas cumaisc teasa agus cumhachta (CHP) nua 100 kW á chur i bhfearas agus bearta eile á gcur i bhfeidhm maidir le húsáid uisce a mhaolú oiread agus is féidir.

Leanadh i rith na bliana leis an bpleanáil maidir le Ceárta Foghlama E3 a fhorbairt. Spás teagaisc faoi leith a bheidh anseo maidir leis an Innealtóireacht, Eolaíocht Ríomhaireachta agus na hEolaíochtaí Nádúrtha. Tá obair dearthóireachta á dhéanamh ar an bhfoirgneamh seo ionas go mbeidh sé ar Shárchaighdeán NZEB agus BREEAM. Beidh cuid mhór gnéithe den inmharthanacht ag gabháil leis an bhfoirgneamh, fuinneamh inathnuaite ar an láthair agus aisghabháil teasa san áireamh. Saotharlann phraiticiúil a bheidh ann inar féidir foinsí fuinnimh inathnuaite agus gnéithe innealtóireachta a thaispeáint mar chuid de theagasc agus de thograí taighde na scoileanna éagsúla. Cloífear le clár oibre den chineál céanna, dírithe ar shárchaighdeán maidir le gnéithe inmharthanachta, i ndáil leis an bhforbairt dearthóireachta ar thionscadail eile as seo amach: cuirfear deireadh le breosla iontaise ar an láthair agus tabharfar san áireamh gineadóireacht fuinnimh ar an láthair ó fhoinsí inathnuaite le Caidéil Teasa (Foinsí Aeir/Talún araon) agus gaireas PV á fheistiú ar an díon, mar chuid den bheartaíocht ar mhaithe le spriocanna ídiú carbóin a shásamh. Leanadh den mhodh dearthóireachta sin mar shampla maidir leis an obair athchóiriúcháin ar na Rúibricí, an foirgneamh is sine de chuid an champais. Eagraíodh cruinnithe de Choiste Comhairleach an Phropaist maidir le cúrsaí Inmharthanachta agus an Saol Éadrom ó thaobh Carbóin i rith na bliana d'fhonn treoir straitéise a leagan amach maidir le feabhas ó thaobh cúrsaí inmharthanachta agus éifeachtúlacht fuinnimh san Ollscoil. Faoi stiúir an choiste a ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil maidir le cúrsaí inmharthanachta agus an sárchleachtas agus na deiseanna feabhais maidir le cúrsaí inmharthanachta ar fud na hollscoile.

Rinneadh comhordú le Coiste Champas Glas na hOllscoile ar fheachtais leanúnacha chun aird agus tuiscint ar chúrsaí fuinnimh a chothú go dtí gur chuir na srianta mar gheall ar COVID-19 bac ar an obair.

Tá sprioc na hollscoile maidir le caomhnú fuinnimh ceangailte leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta reatha, an dara ceann, maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (PGNÉF 2). Cuirtear roimh an earnáil phoiblí go náisiúnta ídiú fuinnimh a ísliú 33% faoin mbliain 2020 i gcomórtas leis an mbliain tosaigh 2006-2008. Dearbhaítear sa tuarascáil is deireanaí go bhfuil ísliú (feabhsú) 39.8% tagtha maidir le déine fuinnimh (éifeachtúlacht) ón mbliain thagartha i leith, arna mheas i gcomhréir leis an Innéacs Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI). Cé gur sáraíodh an sprioc, ní foláir an tionchar mar gheall ar shrianta COVID-19, agus níos lú úsáide dá réir, a thabhairt san áireamh.

Luaitear i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir leis an Aeráid 2019 go bhfuil spriocanna níos géire arís á leagan amach, ina measc 50% d'fheabhas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus ísliú glan 50% maidir le hastaíocht gháis cheaptha teasa faoin mbliain 2030. Cé go bhfuil an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag Coláiste na Tríonóide maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ina bhonn daingean faoi bheartaíocht i rith na ndeich mbliana seo romhainn d'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach, tá sé in am, mar a luaitear sa Tuarascáil Inmharthanachta 2019-2020 le hathrú ó bhonn ó thaobh spriocanna ardaidhme agus acmhainní ina leith.

## 9. Cúrsaí Daonchairdis

Is tréimhse shuntasach seo maidir le cúrsaí daonchairdis agus Coláiste na Tríonóide agus maidir leis an gcaidreamh le céimithe: sa bhliain 2019, seoladh an chéim phoiblí de Spreagadh na nGlúnta, an chéad fheachtas domhanda lánchuimsitheach de chuid na hollscoile maidir le cúrsaí daonchairdis agus an feachtas is tréine dá leithéid a cuireadh ar siúl riamh ar oileán na hÉireann.

Leagadh béim ar réimse domhanda an fheachtais trí ócáidí seolta a eagrú i Londain, i bPáras, i Nua-Eabhrac agus in San Francisco i rith an tsamhraidh agus an fhómhair tar éis sheoladh an fheachtais ar dtús ar an gcampas.

Le Spreagadh na nGlúnta, táthar ag féachaint le cur le traidisiún fada an Choláiste maidir le cúrsaí daonchairdis agus páirt a chothú ag pobal domhanda chéimithe agus chairde an Choláiste, agus ghnólachtaí, a chothú i bhfónamh do theacht a bheith ag mic léinn ar oideachas de scoth an domhain agus d'obair taighde a théann i gcion ar fud an domhain a bheith á déanamh ag taighdeoirí. Tá cothú an dlúthchaidrimh ar an gcaoi seo le pobal leitheadach na hOllscoile ag cuidiú le cuspóirí níos ardaidhmí a spreagadh ar fud an choláiste agus le tograí lena mbaineann fís agus aisling a chur ar bhealach a dtabhairt i gcrích.

### Tograí Spreagúla

Baineann na tograí tús áite faoi Spreagadh na nGlúnta le gach gné den ollscoil:

- Campas don 21ú céad a thógáil: áirítear ar na tograí forbartha caipitil príomhthábhachta Scoil Ghnó nua Choláiste na Tríonóide, Scoil nua an Dlí, athfhorbairt ar an tSeanleabharlann, E3: Innealtóireacht, an Comhshaol agus Teicneolaíocht de Chineálacha Nua agus an campas nua nuálaíochta ar Ché na Mórchanála;
- Clár na nGlúnta Nua d'fhonn daoine cumasacha a thabhairt chuig an ollscoil trí scoláireachtaí do mhic léinn a chur ar fáil, infheistíocht a dhéanamh i gClár Rochtana Choláiste na Tríonóide, agus Ollúnachta nua agus poist acadúla lena dtagann tionacht a chruthú;
- Cothú na nDaonnachtaí: infheistíocht i Mol an tSeomra Fhada, Ionad Léann na hÁise i gColáiste na Tríonóide agus Ionad Choláiste na Tríonóide d'Aistriúchán na Litríochta agus an Chultúir
- Deacrachtaí maidir le Cúram Sláinte a Shárú: Institiúid Ailse Choláiste na Tríonóide-Ospidéal San Séamas agus infheistíocht bhreise in obair taighde cheannródaíochta na hollscoile maidir le dul in aois.

### Spriocanna an Fheachtais

Seo a leanas na spriocanna a leagtar amach don fheachtas: €400 milliún de shíneadh láimhe agus 150,000 uair a chloig d'obair dheonach. Ag teacht leis an ngnás idirnáisiúnta maidir le feachtas bailiú airgid ar scála den sórt seo, níor cuireadh céim phoiblí an fheachtais ar siúl go raibh níos mó ná leath na spriocsuime bailithe. Mar sin, faoin tráth ar seoladh Spreagadh na nGlúnta i mí Bealtaine 2019, bhí €272 milliún bailithe cheana féin agus tionscadail mhórshuntais curtha i gcrích,

Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide go háirithe. Faoi mhí Bealtaine 2020, bhí €342 milliún bailithe mar gheall ar an bhfeachtas agus 144,000 uair a chloig d'obair dheonach, toradh sármhaith ar an gcéad bhliain.

**Cúrsaí Daonchaidrimh, Ceangal an Chaidrimh le Céimithe agus COVID-19**

Mar a chéile le gnéithe eile de bheartaíocht an Choláiste, cuireadh isteach ar an obair maidir le cúrsaí daonchaidrimh agus ar chothú an chaidrimh leis na céimithe le Covid-19, dúnadh na hOllscoile i mí Márta 2020 agus le bearta leanúnacha maidir leis an scaradh sóisialta. Cuireadh imeachtaí tábhachacha i bhféilire Choláiste na Tríonóide do chéimithe ar ceal nó ar athló. Cúis díomá don Choláiste chomh maith leis na céimithe ach is rímhaith a thuigtear gur tábhachtach, tráth a raibh oiread daoine ag fáil bháis, cloí leis na treoirlínte ionas go gcuirtear srian le scaipeadh an ghalair.

Caidreamh ar líne an rogha nuair nach féidir le daoine a theacht ar aon láthair agus is mór a bhí sin i gceist maidir leis an gcaidreamh le céimithe le deich mbliana anuas le tionscnaimh de leithéid Chéimithe Choláiste na Tríonóide Ar Líne agus an r-iris, Trinity Alumni News. Tá sraith seimineár seachtainiúil ar líne, Smaointe Spreagúla @ Coláiste na Tríonóide, cur le réimse na beartaíochta ar líne againn a ligeann dúinn caidreamh a chothú leis na céimithe ar bhealach nua ar fad. Cuireann na hardáin ar líne seo ar ár gcumas seasamh lena chéile mar dhream. Tá curtha ag an bPropast freisin leis an gcumarsáid le céimithe trí theachtaireachtaí ar an ríomhphost agus le teachtaireachtaí físeáin agus is mór le pobal na gcéimithe sin.

Lenar tarraingíodh de chásanna éigeandála maidir le réimsí sláinte, eacnamaíochta agus sóisialta mar gheall ar COVID-19, is soiléire an tábhacht atá le misean Choláiste na Tríonóide i ndáil le hoideachas, le taighde agus le spéis, aird agus tuiscint an phobail a chothú. Is iontach mar a rinne céimithe agus a gcuid cairde ag cuidiú leis an ollscoil an obair bhunriachtanach a chur i gcrích: nuair a bhí na srianta ba ghéire i bhfeidhm, bhailigh céimithe €300,000 in imeacht roinnt seachtainí nuair a fógraíodh gur theastaigh cúnamh maidir le Ciste Cruatain na Mac Léinn; thug Beate Schuler €500,000 breise ar mhaithe le mic léinn PhD, anuas ar Chomhaltacht Taighde Schuler, agus bhronn AIB €2.4 milliún d'fhonn mol taighde a chur ar bun a chuideodh le cur i gcoinne COVID-19 ar fud an domhain.

Tráth a bhfuil stró agus anró á chur ar an uile dhuine ar fud an domhain, táthar buíoch de phobal an Choláiste atá ag cur le chéile ar bhealach a léiríonn an acmhainn atá san Ollscoil beartaíocht den suntas a dhéanamh.

# 10. Ráitis Airgeadais i leith na bliana dár críoch an 30 Meán Fómhair 2020

Tá ráitis airgeadais na bliana dár críoch an 30 Meán Fómhair 2020, arna n-aontú ag an mBord an 24 Márta 2021, le feiceáil ag an nasc thíos:

https://www.tcd.ie/financial-services/external-assets/pdfs/Consol_Financial_Statements_1920_Irish.pdf



# Aguisín I

**Freastal ar Chruinnithe Boird 2019-2020**

B'ionann líon iomlán Chruinnithe an Bhoird i rith na bliana agus 12.

**Comhaltaí ex officio:**
An Propast (An Dr Patrick Prendergast) (12), An Leas-Phropast/An Príomh-Oifigeach Acadúil (An tOll. Jürgen Barkhoff) (12), Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéime (An tOll. Kevin Mitchell) (12), An Cláraitheoir (An tOll. Paula Murphy) (11), An Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí (An tOll. Veronica Campbell) (11).

**Comhaltaí Tofa:**
An tOll. Deirdre Ahern (12), An tOll. Sarah Alyn Stacey (11), An tOll. Louis Brennan (11), An tOll. Andrew Burke (10), Kevin Byrne Uasal (5), An tOll. Sylvia Draper (0)*, An tOll. Daniel Faas (8), Stephanie Farrell Uasal (12), An Dr Darren Fayne (12), David Grouse Uasal (12), James Keogh Uasal (4), An tOll. Kathleen McTiernan (10), An tOll. Rachel Moss (12), An tOll. Brian O'Connell (12) An tOll. Eunan O'Halpin (12), An tOll. Diarmuid R. Phelan (10), An tOll. Aidan Seery (12), An tOll. Fintan Sheerin (10).

**Comhaltaí Seachtracha:**
Jill Donoghue Uasal (10)

**Ionadaithe na Mac Léinn:**
L Beston Uasal (12), Aisling Leen Uasal (12), Niamh McCay Uasal (11), Shaz Oye Uasal (12).

*Bhí leithscéal ón Oll. Draper roimh chruinniú an 11 Meán Fómhair. D'éirigh sí as oifig ina comhalta Boird ina dhiaidh sin.

# Aguisín II

**Costais an Bhoird 2019-2020**

Ní dhearnadh aon táillí a íoc le comhaltaí den Bhord (Údarás Rialála). Bíonn comhaltaí seachtracha an Bhoird i dteideal táillí ballraíochta i Seomra Caidreamh na Sinsear dar luach €279. Níor éiligh comhaltaí an Bhoird costais ar bith eile i rith bhliain acadúil 2019-2020.




# DRÉACHT TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
## 2019-20

www.tcd.ie